



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
EMILIOU
arna tabhairt an 11 Eanáir 2024¹

Cás C-563/22

SN,
LN, dá ndéanann SN ionadaíocht

v

Zamestnik-predsedatel na Darzhavna agentsia za bezhantsite

(Iarraidh ar réamhrialú ó Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia, an Bhulgáir))

(Iarraidh ar réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Tearmann – Stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí – Treoir 2011/95/AE – Coinníollacha atá le comhlíonadh ag náisiúnaithe tríú tír nó daoine gan stát a bhfuil stádas dídeanaí á éileamh acu – Daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as cúnamh Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) – Eisiamh ó stádas dídeanaithe – Scor de chosaint nó cúnamh UNRWA – Coinníollacha le bheith i dteideal *ipso facto* thairbhí Threoir 2011/95 – An chiall atá le ‘nuair a scoirtear de chosaint nó cúnamh den sórt sin ar chúis ar bith’ – Tábhacht eilimintí a bhaineann leis na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim i Stráice Gaza – Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Dálaí maireachtála arb ionann iad agus ‘íde atá mídhaonna agus táireach’ – Tairseach – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 40 – Iarratas ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta – Oibleagáid chun athmhéasúnú a dhéanamh ar eilimintí a bhaineann leis an staid ghinearálta sin a rinneadh scrúdú orthu cheana féin – Airteagal 19(2) den Chairt – Prionsabal an non-refoulement)

I. Réamhrá

1. Bunaíodh Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) tar éis choibhleacht Iosrael agus na nArabach sa bhliain 1948, d’fhonn cláir faoisimh dhíriú agus cláir oibreacha a chur i gcrích le bhagairt daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne atá cláraithe leis an ngníomhaireacht sin.²

¹ Bunteanga: an Béarla.

² Féach Rún Uimh. 302 (IV) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 8 Nollaig 1949. De réir na *Treoracha Incháilitheachta agus Cláraithe Comhdhlúite (CERI)* de chuid UNRWA (ar fáil ar: <https://www.unrwa.org/sites/default/files/2010011995652.pdf>), tá cosaint nó cúnamh UNRWA ar fáil do dhaoine a chomhlíonann ‘critéir do Dhídeanaithe Palaistíneacha’ de chuid na gníomhaireachta sin (is é sin le rá, aon duine arbh í an Phalaistín a ghnátháit chónaithe le linn na tréimhse 1 Meitheamh 1946 go 15 Bealtaine 1948 agus a chaill a bhaile agus a mhodh maireachtála araon mar gheall ar choibhleacht 1948, agus neasghaolta daoine den sórt sin, lena n-áirítear leanaí a uchtaíodh go dleathach, tríd an líne fhíreannach) chomh maith le catagóirí áirithe eile daoine dá ngairtear ‘Daoine Cláraithe Eile’. Léirítear sa doiciméad sin ‘go ndéanann foireann Incháilitheachta agus Cláraithe UNRWA scrúdú cuimsitheach ar na hiarratais uile ar chlárú le UNRWA agus go ndéantar cinntí maidir le hincháilitheacht do sheirbhísí UNRWA ar bhonn cás ar chás’.

Sainmhíodh a limistéar oibríochta mar limistéar ina bhfuil an Iordáin, an Liobáin, an tSiria, an Bruach Thiar (lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir) agus Stráice Gaza. Rinneadh sainordú UNRWA a athnuachan i ndiaidh a chéile agus tá sé le dul in éag an 30 Meitheamh 2026.³

2. Is daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne iad SN agus LN, na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, a raibh cónaí orthu i Stráice Gaza agus atá cláraithe le UNRWA. Iarrann siad tearmann den dara huair sa Bhulgáir, tar éis d'údarais an Bhallstáit sin a gcéad iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú. Maíonn siad nach mór stádas dídeanaí a dheonú dóibh agus an *lex specialis* atá in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95/AE á chur i bhfeidhm.⁴ Faoin bhforáil sin, déantar daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as cosaint nó cúnamh UNRWA a eisiáimh ón stádas sin. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an eisiáimh sin a thuilleadh más rud é go bhfuil an chosaint nó an cúnamh sin 'scortha'.

3. Ardaítear saincheist leis an gcás seo a bhfuil tábhacht agus leochaileacht shoiléir ag baint léi – go háirithe i bhfianaise na n-imeachtaí a thit amach i Stráice Gaza ó ionsaithe Hamas ar an Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023: an féidir cosaint nó cúnamh UNRWA a mheas mar chosaint nó cúnamh 'scortha' i bhfianaise na ndálaí maireachtála atá i réim go ginearálta sa limistéar sin, gan é a bheith riachtanach do na daoine lena mbaineann a léiriú go ndírítear orthu nó go ndéantar difear dóibh go sonrach de bharr na ndálaí sin mar gheall ar thosca a bhaineann lena gcúinsí pearsanta?

4. Tháinig an díospóid sna príomhimeachtaí chun cinn roimh na himeachtaí sin. Go deimhin, baineann éileamh SN agus LN, agus na heilimintí ar a mbraitheann Administrativen sad Sofia-grád (an Chúirt Riaracháin, Sóifia, an Bhulgáir) ina iarraidh ar réamhrialú leis an staid i Stráice Gaza mar a bhí sula ndearnadh an iarraidh sin, nó tráth a ndearnadh an iarraidh sin, dar dáta an 9 Lúnasa 2022. Mar sin féin, mar a mhíneoidh mé sa Tuairim seo, ní mór go gcuirfean san áireamh, in aon mheasúnú a chaithfidh an chúirt sin nó na húdarais náisiúnta inniúla a dhéanamh, an staid atá i réim sa limistéar sin *faoi láthair* ar chuir roinnt orgán de chuid na Náisiún Aontaithe inní mhór in iúl ina leith.⁵

³ Féach Rún Uimh. 77/123 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 12 Nollaig 2022.

⁴ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán in dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, in dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaíthe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach in dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9).

⁵ Chomh maith le líon scáfar na ndaoine a cailleadh i measc an phobail shibhialta ón 7 Deireadh Fómhair 2023, tuairiscíodh líon mór taismeach i measc fhoireann UNRWA atá ag feidhmiú sa limistéar sin. An 27 Deireadh Fómhair 2023, dúirt António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, go bhfuil 'an córas daonnúil in Gaza ar tí titim as a chéile go hiomlán agus beidh iarmhairtí doshamhlaithe mar thoradh air sin do bhreis is 2 mhilliún sibhialtach' (féach *Ráiteas ón Ard-Rúnaí — maidir leis an staid dhaonnúil in Gaza*, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Náisiún Aontaithe). Thug Philippe Lazzarini, Coimisinéir Ginearálta UNRWA, aitheasc ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023, ag dearbhú go bhfuil 'an córas atá i bhfeidhm chun cabhair a ligean isteach in Gaza réidh le teip mura mbeidh toil pholaitiúil ann chun sreabhadh soláthairtí a dhéanamh fóinteach, ag teacht leis na riachtanais dhaonnúla nach bhfacthas riamh cheana'

(<https://www.unrwa.org/newsroom/official-statements/un-security-council-emergency-briefing-situation-middle-east>). An 7 Nollaig 2023, scríobh Lazzarini chuig Dennis Francis, Uachtarán Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, ag rá '[go raibh] cumas UNRWA chun a shainordú ón gComhthionól Ginearálta a chur i bhfeidhm in Gaza srianta go mór, a mbeadh iarmhairtí láithreacha uafásacha aige sin ar fhreagairt dhaonnúil na Náisiún Aontaithe agus ar shaol sibhialtach in Gaza' agus 'nach féidir leanúint ar aghaidh' leis an staid dhaonnúil sa limistéar sin

(<https://www.unrwa.org/resources/un-unrwa/letter-unrwa-commissioner-general-philippe-lazzarini-un-general-assembly>). An 29 Nollaig 2023, dúirt sé freisin go raibh 'seachadadh cabhrach práinní a bhfuil gá mór léi teoranta ó thaobh méid de agus go raibh baic lóistíochtúla fite fuaite ann fós'

(<https://www.unrwa.org/newsroom/official-statements/gaza-strip-unrwa-calls-unimpeded-and-safe-access-deliver-much-needed>). Spreagadh a bhí sna himeachtaí a thit amach i Stráice Gaza ón 7 Deireadh Fómhair 2023 do Chomhthionól Ginearálta agus do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun rúin a ghlacadh freisin. Sonraítear inneachar na rún sin i bpointí 8 agus 11 thíos.

II. An dlí lena mbaineann

A. An dlí idirnáisiúnta

1. Coinbhinsiún na Ginéive⁶

5. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive:

‘Ní bhainfidh an Coinbhinsiún seo le daoine atá faoi láthair ag fáil cosaint nó cúnamh ó orgáin nó ó ghníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe seachas Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe.

Nuair a scoirfear den chosaint nó den chúnamh sin ar chúis ar bith, gan seasamh na ndaoine sin a bheith socraithe go cinntitheach i gcomhréir leis na rúin iomchuí arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, beidh na daoine sin *ipso facto* i dteideal thairbhí an Choinbhinsiúin seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. I bhfianaise chineál a oibríochtaí, ní mór breathnú ar UNRWA mar ‘[orgán] nó [gníomhaireacht] de chuid na Náisiún Aontaithe seachas Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe le haghaidh cosaint nó cúnamh’ de réir bhrí Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. Rúin ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta agus ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

(a) Rúin a glacadh roimh an 7 Deireadh Fómhair 2023

7. Ghlac Comhthionól Ginearálta agus Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe rúin éagsúla maidir le UNRWA nó leis an staid ina limistéar oibríochta, ó bunaíodh an ghníomhaireacht sin. I gcomhréir le Rún Uimh. 74/83 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 13 Nollaig 2019:

‘Maidir leis an gComhthionól Ginearálta,

...

Arb eol dó riachtanais mhéadaitheacha na ndídeanaithe Palaistíneacha ar fud gach réimse oibríochta, eadhon, an Iordáin, an Liobáin, Poblacht Arabach na Siria agus an Chríoch Phalaistíneach faoi Fhorghabháil,

⁶ Tháinig an Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe, Iml. 189, Uimh. 2545 (1954), lch. 150), i bhfeidhm an 22 Aibreán 1954. Forlíonadh agus leasaíodh é leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe, a tugadh i gcrích i Nua Eabhrach an 31 Eanáir 1967, a tháinig i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 1967 (‘Coinbhinsiún na Ginéive’).

Agus cúis mhór inní á cur in iúl aige i dtaca le staid fhíordheacair na ndídeanaithe Palaistíneacha atá faoi fhorghabháil, lena n-áirítear maidir lena sábháilteacht, lena bhfolláine agus lena ndálaí maireachtála socheacnamaíocha,

Agus cúis mhór inní á cur in iúl aige go háirithe i dtaca le staid thromchúiseach dhaonnúil agus dálaí socheacnamaíocha na ndídeanaithe Palaistíneacha i Stráice Gaza, agus ag cur i dtreis go láidir a thábhachtaí atá cúnamh éigeandála agus daonnúil agus iarrachtaí práinneacha atógála,

[...]

3. *Dearbhaíonn sé gur gá leanúint d’obair [UNRWA] agus a thábhachtaí atá a oibriú gan bhac agus a sholáthar seirbhísí, lena n-áirítear cúnamh éigeandála, d’fholláine, do chosaint agus d’fhorbairt dhaonna na ndídeanaithe Palaistíneacha agus do chobhsaíocht an réigiúin, go dtí go bhfaighfear réiteach cóir ar cheist na ndídeanaithe Palaistíneacha;*

4. *Iarrann sé ar na deontóirí uile leanúint dá n-iarrachtaí a neartú chun freastal ar riachtanais réamh-mheasta [UNRWA], lena n-áirítear maidir le caiteachas agus riachtanais mhéadaithe a eascraíonn as coinbhleachtaí agus as éagobhsaíocht sa réigiún agus an staid thromchúiseach shocheacnamaíoch agus dhaonnúil, go háirithe i gCríoch na Palaistíne faoi Fhorghabháil, agus na riachtanais sin a luaitear in achomhairc agus pleananna éigeandála, téarnaimh agus atógála le déanaí do Stráice Gaza [...]*

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

(b) Rúin a glacadh tar éis an 7 Deireadh Fómhair 2023

8. Mar thoradh ar na himeachtaí a thit amach i Stráice Gaza ón 7 Deireadh Fómhair 2023, mhol Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, an 27 Deireadh Fómhair 2023, rún dar teideal ‘Cosaint sibhialtach agus seasamh le hoibleagáidí dlíthiúla agus daonnúla’, inar iarr sé go ndéanfaí ‘sos cogaidh daonnúil láithreach, marthanach agus seasmhach as a dtiocfadh deireadh leis an gcogaíocht’ i Stráice Gaza.⁷ I measc nithe eile, thug sé dá aire ‘an meath tromchúiseach ar an staid’, cháin sé ‘na taismigh throma sibhialtacha agus an scriosadh forleathan’ agus chuir sé in iúl gur cúis mhór inní dó ‘an staid dhaonnúil thubaisteach i Stráice Gaza, agus na hiarmhairtí ollmhóra a bhaineann leis don phobal sibhialta, a chomhdhéantar de leanaí den chuid is mó’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Sna sála ar an rún sin, tháinig Rún 2712 (2023), an 15 Samhain 2023, ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ina n-iarrtar, *inter alia*, sosanna daonnúla práinneacha breisithe i Stráice Gaza.⁸

10. An 12 Nollaig 2023, mhol Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar son rún dar teideal ‘Cosaint sibhialtach agus seasamh le hoibleagáidí dlíthiúla agus daonnúla’.⁹ Sa rún sin, d’éiligh sé sos comhraic daonnúil láithreach i Stráice Gaza agus go n-áiritheofaí rochtain

⁷ A/RES/ES-10/21, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: <https://digitallibrary.un.org/record/4025940?ln=en>.

⁸ S/RES/2712 (2023), atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: <http://unscr.com/en/resolutions/doc/2712>.

⁹ A/RES/ES-10/22, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas: <https://digitallibrary.un.org/record/4031196?ln=en>.

dhaonnúil ar an limistéar sin. D'athdhearbhaigh sé a áitiú go gcloífi páirtithe sa choinbhleacht leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe i ndáil le cosaint sibhialtach, agus go scaoilfi gach giall saor go láithreach agus gan choinníollacha.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11. An 22 Nollaig 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2720 (2023),¹⁰ agus gach aon rún ábhartha dá cuid á meabhrú aici, go háirithe Rún 2712 (2023). I measc nithe eile, chuir sí ‘imní mhór i dtaca leis an staid dhaonnúil uafásach atá ag dul in olcas go tapa i Stráice Gaza agus an drochthoradh uaidh sin ar an bpobal sibhialta’ in iúl, chuir sí béim ar ‘an ngá práinneach le rochtain dhaonnúil iomlán, thapa, shábháilte gan bhac isteach go dtí Stráice Gaza agus fud fad an limistéir sin’, agus thug sí ‘tuarascálacha ar ábhar imní iad ó cheannaireacht na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí daonnúla ina leith seo’ dá haire. D'athdhearbhaigh sí a ‘buairt láidir i dtaca leis an éifeacht dhíríreach ar shaolta agus folláine leanaí, ban, agus sibhialtach eile i staideanna leochaileacha de dheasca na coinbhleachta’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Dlí an Aontais Eorpaigh

(a) Treoir 2011/95

12. Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 12 de Threoir 2011/95, dar teideal ‘Eisiamh’:

‘1. Eisiatar náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ó bheith ina dhídeanaí más rud é:

(a) go dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive, a bhaineann le cosaint nó cúnamh ó orgáin nó gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe seachas Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe. Nuair a scoirfead an chosaint nó an cúnamh sin ar chúis ar bith, gan seasamh na ndaoine sin a bheith socraithe go cinnte i gcomhréir leis na rúin ábhartha arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, beidh na daoine sin *ipso facto* i dteideal thairbhí na Treorach seo;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

(b) Treoir 2013/32¹¹

13. De bhun Airteagal 40 de Threoir 2013/32, dar teideal ‘Iarratas ina dhiaidh sin’:

‘1. I gcás a dhéanann duine a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát déanta aige uiríll bhreise nó iarratas ina dhiaidh sin sa Bhallstát céanna, scrúdóidh an Ballstát sin na huiríll bhreise nó na heilimintí den iarratas ina dhiaidh sin faoi chreat an scrúdaithe ar an iarratas roimhe sin nó

¹⁰ S/RES/2720(2023), atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:
<https://documents-dds-ny.un.org/doc/UNDOC/GEN/N23/424/87/PDF/N2342487.pdf?OpenElement>.

¹¹ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60).

faoi chreat an scrúdaithe ar an gcinneadh atá faoi athbhreithniú nó faoi achomharc, sa mhéid go bhféadfaidh na húdaráis inniúla na heilimintí ar fad atá mar bhunús leis na huiríll bhreise nó leis an iarratas nua a chur san áireamh agus a mheas laistigh den chreat sin.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

C. An dlí náisiúnta

14. Rinneadh Treoracha 2011/95 agus 2013/32 a thrasú i ndlí na Bulgáire leis an Zakon za ubezhishteto i bezhantsite (Dlí maidir le tearmann agus dídeanaithe, an ‘ZUB’).

15. Déanann Airteagail 8 agus 9 de ZUB na coinníollacha maidir le cosaint idirnáisiúnta a dheonú a leagtar amach i dTreoir 2011/95 a atáirgeadh go substaintiúil. Tá Airteagal 12(1) de ZUB ar aon dul a bheag nó a mhór le hinneachar Airteagal 12(1)(a) den Treoir sin.

16. Faoi Airteagal 75(2) den ZUB:

‘Le linn scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ní mór na fíorais ábhartha uile a chur san áireamh [...] maidir le staid phearsanta an iarratasóra nó a thír thionscnaimh [...]’

III. Fíricí, imeachtaí náisiúnta agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

17. Is daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne iad SN, a rugadh in 1995, agus a leanbh, LN. D’fhág siad Stráice Gaza i mí Iúil 2018 agus d’fhan siad san Éigipt ar feadh 45 lá agus sa Tuirc ar feadh seacht mí. Tar éis dóibh idirthuras neamhdhleathach a dhéanamh tríd an nGréig, chuaigh siad isteach i gcríoch na Bulgáire i gcuideachta KN, fear céile SN agus athair LN.

18. An 22 Márta 2019, chuir SN agus LN iarratais ar chosaint idirnáisiúnta faoi bhráid Darzhavna agentsia za bezhantsite (an Ghníomhaireacht Stáit um Dhídeanaithe, an Bhulgáir, ‘an DAB’). Bhunaigh siad a n-éileamh ar roinnt eilimintí, lena n-áirítear an easpa dálaí maireachtála cuibhiúla agus an éagobhsaíocht i Stráice Gaza, chomh maith le staid na coinbhleachta armtha atá nach mór buan, arb í gníomhaíocht mhíleata Iosrael agus teannas idir Fatah agus Hamas is cúis léi. Thug SN le fios freisin go raibh saol KN faoi bhagairt ag ionsaithe buamála iomadúla nuair a bhí sé ag an obair agus go raibh a dteach gar do stáisiún póilíní, ar díriodh diúracáin air go minic.

19. Níor luaigh SN agus LN ina n-iarratais go raibh siad cláraithe le UNRWA.

20. Le cinneadh an 5 Iúil 2019, dhiúltaigh Predsedatel an DAB (Cathaoirleach an DAB) d’iarratais SN agus LN ar chosaint idirnáisiúnta. Dúirt Cathaoirleach DAB nár cuireadh ar SN agus LN Stráice Gaza a fhágáil mar gheall ar fhíorbhaol céastóireachta, íde atá mídhaonna nó táireach, pionós an bháis nó bású, nó bagairtí tromchúiseacha eile. Ní raibh SN ná LN i mbaol bagairtí den sórt sin ach oiread dá bhfillfidís ar Stráice Gaza, ós rud é nár thug siad fianaise ar aird go ndíreofaí orthu go sonrach mar gheall ar thosca a bhaineann lena gcúinsí pearsanta. Ina theannta sin, cé gur aithin an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Elgafaji*,¹² i gcásanna áirithe, go bhféadfadh méid an fhoréigin neamh-idirdhealaithigh, ar saintréith de choinbhleacht armtha é, leibhéal chomh hard

¹² Breithiúnas an 17 Feabhra 2009 (C-465/07, EU:C:2009:94).

sin a bhaint amach nach gá do dhaoine atá ag déanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta fianaise a thabhairt ar aird go ndírítear orthu go sonrach mar gheall ar thosca a bhaineann go sonrach lena n-imthosca pearsanta, ní fhéadfaí a mheas, an tráth ábhartha, gurb ionann an staid sa limistéar sin agus coinbhleacht armtha, cosúil leis an gceann a raibh an breithiúnas sin mar thoradh air. Ar deireadh, dúirt Cathaoirleach DAB go bhféadfadh sé gur fhan SN agus LN san Éigipt nó sa Tuirc agus nach raibh siad tagtha chun na Bulgáire ach amháin chun tairbhe a bhaint as dálaí eacnamaíocha níos fearr.

21. Nuair a ídíodh na leigheasanna atá ar fáil, rinneadh cinneadh críochnaitheach den chinneadh sin.

22. An 21 Lúnasa 2020, rinne SN agus LN iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arís. Thug siad isteach cruthúnas go raibh siad cláraithe le UNRWA agus mhaígh siad go raibh feidhm ag an *lex specialis* in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 ina leith dá réir sin. D'áitigh siad, faoin bhforáil sin, go raibh siad i dteideal, *ipso facto*, stádas dídeanaí a fháil toisc nár mhór a mheas go raibh cosaint nó cúnamh UNRWA ina leith 'scortha'.

23. Dhearbhaigh Intervyuirasht organ na DAB (Comhlacht Agallaimh DAB) go raibh iarratais SN agus LN ina dhiaidh sin inghlactha.

24. Mar thaca lena n-éileamh go ndeonófaí stádas dídeanaí dóibh, chuir SN agus LN roinnt doiciméad ar fáil lena suíodh, dar leo, go raibh na dálaí faoina raibh UNRWA ag feidhmiú i Stráice Gaza sa tréimhse ábhartha (in 2020) an-lag.

25. Go sonrach, mhaígh SN go raibh an staid i Stráice Gaza ag dul in olcas le blianta beaga anuas, go háirithe ó tharla paindéim COVID-19. D'áitigh sí go raibh an dífhostaíocht an-ard agus nach raibh pá á íoc leis na daoine a bhí ag obair. Dúirt sí freisin gur cuireadh cuirfiú i bhfeidhm, gur fhan scoileanna dúnta agus gur chuir Hamas cosc ar dhaoine a dteach a fhágáil agus go raibh ionsaithe á ndéanamh arís agus arís eile ar an Iosrael. Mhínigh sí go raibh an leathchuid den teach ina raibh cónaí orthu mar theaghlach scriosta ag diúracáin, mar gheall ar a ghaireacht do stáisiún póilíní, agus, in 2014, go raibh orthu athlonnú ar feadh tréimhse dhá bhliain de dheasca damáiste a rinneadh don díon.

26. Le cinneadh an 14 Bealtaine 2021, dhiúltaigh Zamestnik-predsdatel DAB (Leas-Chathaoirleach DAB) do na hiarratais a rinne SN agus LN ina dhiaidh sin. Mhínigh Leas-Chathaoirleach DAB, mar gheall gur 'iarratais ina dhiaidh sin' a bhí sna hiarratais sin, de réir bhrí Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32, nár ghá scrúdú a dhéanamh ar na heilimintí a bhí mar bhunús leo. Dá réir sin, d'fhéadfaí an measúnú ar ar cheart stádas dídeanaí a dheonú do SN agus LN a theorannú, ar an gcéad dul síos, do 'eilimintí nua' a shuí, ar an dara dul síos, do mheastóireacht a dhéanamh ar ábharthacht na n-eilimintí sin dá staid phearsanta nó don staid ina dtír thionscnaimh agus, ar an tríú dul síos, a chinneadh ar tacaíodh leis na heilimintí céanna le fianaise leordhóthanach.

27. Dúirt Leas-Chathaoirleach DAB nach raibh sé ábhartha go raibh SN agus LN cláraithe le UNRWA, cé gur tugadh isteach mar 'eilimint nua' é, maidir le staid phearsanta SN agus LN. Ar an gcéad dul síos, bhain SN agus LN tairbhe as cosaint nó cúnamh UNRWA san am a chuaigh thart agus ba é an t-aon chúis nach raibh siad ag baint tairbhe as a thuilleadh ná gur fhág siad limistéar oibríochta na gníomhaireachta sin dá ndeoin féin. Ar an dara dul síos, ní raibh aon chúis ann lena chreidiúint nach mbainfeadh SN agus LN tairbhe as cosaint nó cúnamh UNRWA arís, dá bhfillfidís ar Stráice Gaza. Ina theannta sin, chuir Leas-Chathaoirleach DAB in iúl nár

léirigh argóintí SN agus LN maidir leis an staid ghinearálta i Stráice Gaza go raibh géarleanúint nó bagairtí tromchúiseacha eile orthu go pearsanta. Ós rud é nach raibh aon bhagairt den sórt sin ann, níor cháiligh siad do chosaint idirnáisiúnta.

28. Chuir SN agus LN in aghaidh an chinnidh sin os comhair Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia), an chúirt a rinne an tarchur. Go sonrach, d'áitigh SN go sáródh a fillleadh ar Stráice Gaza (i dteannta LN) prionsabal an non-refoulement lena gceanglaítear ar na Ballstáit staonadh ó aon duine a chur chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar é nó í a chur faoi phionós an bháis, a chéasadh nó íde nó pionós eile atá mídhanna nó táireach a chur air nó uirthi'.

29. Is mian leis an gcúirt sin fáil amach, ar an gcéad dul síos, cén chaoi a bhfuil Airteagal 40(1) de Threoir 2013/32, a bhaineann le hiarratais ina dhiaidh sin, le léiriú i staid den sórt sin. Tugann sí dá haire, chun tacú lena n-iarratais ina dhiaidh sin, gur chuir SN agus LN cruthúnas ar a gclárú le UNRWA ar fáil, eilimint nár nochtaigh siad mar chuid dá n-iarratais roimhe sin. Mar sin féin, tugann sí le fios nach féidir aon cheann de na heilimintí a luaigh SN agus LN maidir leis na cúiseanna ar fhág siad Stráice Gaza a mheas mar eilimintí 'nua', ós rud é go ndearnadh scrúdú ar na heilimintí sin go léir cheana mar chuid den nós imeachta a bhaineann leis na hiarratais a rinne siad roimhe.

30. Ar an dara dul síos, fiosraíonn sí an gá cosaint nó cúnamh UNRWA a mheas mar 'scortha', de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, i leith SN agus LN, mar gheall ar an staid ghinearálta i Stráice Gaza. I ndáil leis sin, tugann sí dá haire go bhfuil an staid ghinearálta sin, atá imithe in olcas le blianta beaga anuas, tar éis difear a dhéanamh gan staonadh do chumas UNRWA cosaint nó cúnamh *éifeachtach* a chur ar fáil do dhaoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne i Stráice Gaza. Ina theannta sin, tá UNRWA tearcmhaoinithe agus ag dul trí dheacrachtaí airgeadais.

31. I ndáil leis sin, tagraíonn Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia) don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018 maidir leis an staid i Stráice Gaza¹³ ina ndéantar cur síos ar an limistéar sin mar gheall ar 'ghéarchéim dhaonnúil atá ag dul in olcas agus nach bhfacthas riamh cheana'. Ina theannta sin, tarraingíonn sé aird ar dhoiciméad dar teideal 'UNHCR Position on Returns to Gaza' [Seasamh UNHCR maidir le Filleadh ar Gaza] ó mhí an Mhárta 2022,¹⁴ inar thug Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR) le fios nach gcuirfeadh sibhialtaigh atá ar a dteitheadh ó Stráice Gaza ar ais go héigeantach chuig an limistéar sin mar gheall ar an bhfianaise i ndáil le líomhaintí tromchúiseacha maidir le sárúithe ar dhlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus maidir le héagobhsaíocht leanúnach.

32. I bhfianaise na n-eilimintí sin, ceistíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá di a mheas go mbeadh SN agus LN i staid 'fíorbhochtaineachta ábhartha', de réir bhrí an bhreithiúnais in *Jawo*,¹⁵ dá mbeadh orthu fillleadh ar Stráice Gaza. De bhun an bhreithiúnais sin, bheadh ar SN agus LN a léiriú go gcuirfeadh a bhfillleadh ar Stráice Gaza iad i staid a d'fhágfadh nach mbeidís in ann a riachtanais is bunúsaí a shásamh, amhail bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe, agus go mbainfí an bonn dá sláinte fhisiciúil nó mheabhrach nó go gcuirfí i riocht díghrádúcháin iad a bheadh ar neamhréir le dínit an duine. Tugann an chúirt sin dá haire gur cinnte go mbeadh folláine agus sábháilteacht LN (ar leanbh í) i mbaol dá mba rud é go mbeadh uirthi fillleadh ar

¹³ IO 2019 C 390, lch. 108.

¹⁴ Ar fáil ag an seoladh seo a leanas: <https://www.refworld.org/docid/6239805f4.html>.

¹⁵ Breithiúnas an 19 Márta 2019 (C-163/17, EU:C:2019:218, mír 92).

Stráice Gaza. Meabhraíonn sí freisin, áfach, nach mbaineann an chúis ar fhág SN agus LN Stráice Gaza le haon bhagairt thromchúiseach ar a sábháilteacht phearsanta, ach leis an staid ghinearálta sa limistéar sin amháin.

33. Sna himthosca sin, chinn Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An leanann as Airteagal 40(1) de Threoir [2013/32], i gcás ina gceadaítear athbhreithniú ar iarratas ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag iarratasóir gan stát de thionscnamh na Palaistíne, ar iarratas é a rinneadh ar bhonn a chlárúcháin nó a clárúcháin le UNRWA, go gcumhdaítear freisin leis an oibleagáid atá ar na húdaráis inniúla dá bhforáiltear leis an bhforáil sin chun na heilimintí go léir atá ina mbunús leis na huiríll bhreise san iarratas ina dhiaidh sin a chur san áireamh agus a athbhreithniú, in imthosca an cháis, an oibleagáid na cúiseanna ar fhág an duine limistéar oibríochta UNRWA a mheas, chomh maith leis na heilimintí nó imthosca nua arb iad ábhar an iarratais ina dhiaidh sin a athbhreithniú, agus an oibleagáid sin á léiriú i gcomhar leis an dara habairt d’Airteagal 12(1)(a) de Threoir [2011/95]? An mbraitheann comhlíonadh na hoibleagáide sin ar an bhfóras go ndearnadh scrúdú ar na cúiseanna ar fhág an duine limistéar oibríochta UNRWA cheana sna himeachtaí maidir leis an gcéad iarratas ar chosaint [idirnáisiúnta], ina raibh cinneadh cinntitheach lenar diúltaíodh don chosaint sin, ach nach ndearna an t-iarratasóir a chlárúchán nó a clárúchán le UNRWA a agairt ná a chruthú sna himeachtaí sin?

(2) An leanann as an dara habairt d’Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 go mbaineann an frása “i gcás ina gcuirtear stop leis an gcosaint nó leis an gcúnamh sin ar chúis ar bith” san fhoráil sin le duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a cláraíodh le UNRWA agus a bhí ag fáil cúnamh i gCathair Gaza ó UNRWA a bhfoirm bia, seirbhísí sláinte agus seirbhísí oideachais, cé nach raibh aon fhianaise ann go raibh bagairt phearsanta ann don duine sin, a d’fhág Cathair Gaza dá dheoin féin agus go dleathach, ag cur na faisnéise atá ar fáil sa chás san áireamh:

- measúnú ar chúrsaí ina n-iomláine tráth an imeachta gur ghéarchéim dhaonnúil nach bhfacthas riamh cheana a bhí i gceist, lenar bhain easpa bia, uisce óil, seirbhísí sláinte agus cógas, chomh maith le fadhbanna soláthair uisce agus leictreachais, agus foirgnimh agus infreastruchtúr á scriosadh, agus dífhóstaíocht;
- deacrachtaí UNRWA chun cúnamh agus seirbhísí, ina measc bia agus seirbhísí sláinte, a choinneáil ar bun in Gaza mar gheall ar easnamh mór i mbuiséad UNRWA agus síormhéadú sa líon daoine ag brath ar chúnamh na gníomhaireachta, [agus go bhfuil] cúrsaí ina n-iomláine in Gaza ag baint an bonn de ghníomhaíochtaí UNRWA?

An gcaithfear freagra eile a thabhairt ar an gceist seo toisc amháin gur duine leochaileach an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 20(3) den Treoir sin, eadhon leanbh mionaoiseach?

(3) An gcaithfear an dara habairt d’Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi go bhféadfadh iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, ar dídeanaí Palaistíneach a cláraíodh le UNRWA é, fillleadh ar an limistéar oibríochta de UNRWA a d’fhág sé nó sí, go sonrach, ar Chathair Gaza, i gcás, tráth na héisteachta dá chaingean nó dá caingean i gcoinne cinneadh diúltaithe os comhair cúirte,

- nach bhfuil aon chinnteacht go mbeidh an duine sin in ann an bia, seirbhísí sláinte, cógais, cúram sláinte agus oideachas is gá a fháil ó UNRWA;
- ina measadh gurb é atá san fhaisnéis faoi chúrsaí ina n-iomláine i gCathair Gaza agus faoi UNRWA, de réir Sheasamh UNHCR ar fhilleadh ar Stráice Gaza de mhí an Mhárta 2022, ná go bhfuil cúis ann chun limistéar oibríochta UNRWA a fhágáil agus gan filleadh ann;

[–] agus, dá bhfillfeadh an t-iarratasóir, go mbeadh sé nó sí in ann fanacht ansin i ndálaí maireachtála daonnachtúla?

Ag féachaint don phrionsabal maidir le non-refoulement faoi Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 19 den [Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”)], a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh, an dtagann staid phearsanta iarratasóra atá ag iarraidh cosaint idirnáisiúnta faoi raon feidhme an léirithe a tugadh [...] i mbreithiúnas an 19 Márta 2019, *Jawo* (C-163/17, EU:C:2019:218), maidir le fíorbhochtaineacht ábhartha faoi Airteagal 4 den [Chairt], i bhfianaise cúrsaí i Stráice Gaza ag an am faoi chaibidil agus a mhéid go bhfuil an t-iarratasóir atá i gceist ag brath ar chúnaimh ó UNRWA maidir le bia, seirbhísí sláinte, cógais agus cúram sláinte?

Ar bhonn na faisnéise maidir le cúrsaí ina n-iomláine i gCathair Gaza agus maidir le UNRWA, an gcaithfear freagra difriúil a thabhairt ar an gceist maidir le filleadh ar Chathair Gaza toisc amháin gur leanbh mionaoiseach an duine atá ag iarraidh cosanta, ar mhaithe le cosaint leas an linbh agus a chúram, a fhorbairt shóisialta, a chosaint agus a shábháilteacht a ráthú?

(4) Ag brath ar an bhfreagra ar an tríú ceist:

Sa chás seo, an gcaithfear an dara habairt d’Airteagal (12)(1)(a) de Threoir 2011/95, ach go háirithe an frása “beidh na daoine sin *ipso facto* i dteideal thairbhí na Treorach seo” san fhoráil sin a léiriú sa chaoi:

- (A) go mbaineann an prionsabal maidir le non-refoulement faoi Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 19 den Chairt, le duine ag iarraidh cosanta, ar Palaistíneach gan Stát a cláraíodh le UNRWA é, toisc, dá bhfillfí é ar Chathair Gaza, go mbeadh an duine sin neamhchosanta ar bhaol íde atá mídhaonna agus táireach, toisc go bhféadfadh sé a bheith faoi fhíorbhochtaineacht ábhartha, agus go dtagann sé faoi dheonú na cosanta coimhdí faoi raon feidhme Airteagal 15[(b)] de Threoir 2011/95:

nó

- (B) go gceanglaítear leis an bhforáil sin, maidir le duine ag iarraidh cosanta, ar Palaistíneach gan Stát a cláraíodh le UNRWA é, go ndéanfaidh an Ballstát sin stádas mar dhídeanaí de réir bhrí Airteagal 2(c) den Treoir sin a aithint agus go dtabharfar stádas mar dhídeanaí don duine sin trí oibriú dlí, a mhéid is nach dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 12(1)(b)[,] (2) agus (3) den Treoir sin, i gcomhréir le [pointe 2 den] chuid oibríochtúil [...] de bhreithiúnas an 19 Nollaig 2012, *Abed El Kareem El Kott agus páirtithe eile* (C-364/11, EU:C:2012:826), gan na himthosca ábhartha maidir le deonú cosanta coimhdí faoi Airteagal 15[(b)] de Threoir 2011/95 a chur san áireamh maidir leis an duine sin?

34. Cláraíodh an iarraidh ar réamhrialú, dar dáta an 9 Lúnasa 2022, an 22 Lúnasa 2022. Chuir Rialtas na Bulgáire agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Níor tionóladh aon éisteacht.

IV. Anailís

35. Leagtar síos i dTreoir 2011/95 na coinníollacha nach mór d'iarrthóirí tearmainn a chomhlíonadh chun tairbhe a bhaint as cosaint idirnáisiúnta san Aontas Eorpach. Ní mór é a léiriú i bhfianaise a scéime ginearálta agus a chuspóra ghinearálta, is é sin, *inter alia*, a áirithiú go gcuireann na Ballstáit uile critéir chomhchoiteanna i bhfeidhm chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i ndáiríre a shainathint, agus ar bhealach atá comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Ginéive agus leis na conarthaí ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 78(1) CFAE. Mar is léir ó aithris 16 de Threoir 2011/95, ní mór na forálacha atá inti a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cearta a aithnítear sa Chairt.¹⁶

36. In Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, atá ar aon dul a bheag nó a mhór le hinneachar Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive, sonraítear an córas dlí sonrach is infheidhme maidir le daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as cosaint nó cúnamh UNRWA. Mar a mhínigh mé i mo Thuairim in *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)*,¹⁷ tá clásal eisiaimh agus clásal cuimsithe san fhoráil sin.

37. Ar thaobh amháin, go deimhin, foráiltear le hAirteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, má thagann duine faoi raon feidhme Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive, go bhfuil sé nó sí eisiata ó stádas dídeanaí a dheonú dó nó di faoin Treoir sin, ar an gcaoi chéanna a n-eisiatar duine den sórt sin ó bheith ina dhídeanaí faoin gcoinbhinsiún sin. Cé nach luaitear go sainráite in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 ná in Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive é, níl feidhm ag an gclásal eisiaimh atá iontu go praiticiúil ach amháin i gcás daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne agus, go sonrach, iadsan a bhain leas as cosaint nó cúnamh UNRWA amháin.¹⁸

38. Ar an taobh eile, más féidir a mheas go bhfuil an chosaint nó an cúnamh sin 'scortha', ní bheidh feidhm ag an gclásal eisiaimh sin a thuilleadh agus beidh na daoine sin '*ipso facto* i dteideal thairbhí' Threoir 2011/95 (ar an gcaoi chéanna go mbeidh siad *ipso facto* i dteideal thairbhí Choinbhinsiún na Ginéive freisin). Is féidir na tairbhí sin a éileamh 'de cheart' –¹⁹ gan aon ghá na ceanglais a bhaineann le hiarrthóirí tearmainn eile a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní dheonaítear stádas dídeanaí go huathoibríoch agus níl sé gan choinníoll, ós rud é, fiú sa chás sin, go gcaithfidh na húdaráis náisiúnta inniúla, mar shampla, a fhíorú, i ngach aon chás, nach bhfuil na daoine lena mbaineann faoi raon feidhme aon fhoras eisiata ar bith a leagtar amach in Airteagal 12(1)(b), (2) agus (3) den Treoir sin,²⁰ a mbíonn feidhm acu nuair a bhíonn cúiseanna tromchúiseacha ann lena mheas go ndearna siad cionta áirithe nó gur spreag siad iad nó gur ghlac siad páirt iontu.

¹⁶ Féach breithiúnas an 19 Samhain 2020, *Bundesamt für Migration und Flüchtlinge (Seirbhís mhíleata agus tearmann)* (C-238/19, EU:C:2020:945, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁷ C-294/22, EU:C:2023:388, pointí 19 go 21. Féach, freisin, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2023, *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)* (C-294/22, EU:C:2023:733, míreanna 30 agus 31).

¹⁸ Dá bhrí sin, ní chumhdaítear léi daoine atá, nó a bhí, incháilithe chun cosaint nó cúnamh a fháil ón ngníomhaireacht sin, ach nár bhain leas iarbhrí as an gcosaint nó as an gcúnamh sin (féach breithiúnas an 17 Meitheamh 2010, *Bolbol*, C-31/09, EU:C:2010:351, mír 51).

¹⁹ Féach breithiúnas an 19 Nollaig 2012, *Abed El Kareem El Kott* agus páirtithe eile (C-364/11, EU:C:2012:826, mír 71; 'breithiúnas in *Abed El Kareem El Kott agus páirtithe eile*').

²⁰ Féach, sa chiall sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Alheto* (C-585/16, EU:C:2018:584, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39. Mar a dúirt an tAbhcóide Ginearálta Sharpston ina Tuairim in *Bolbol*,²¹ tháinig Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive as comhthéacs sonrach. Dréachtaíodh é go luath tar éis choinbhleacht Iosrael-Arabach 1948, d'fhonn, *inter alia*, cosc a chur ar mhór-bhánú ón limistéar geografach a bhíodh ina Phalaistín agus, an tráth chéanna, chun a áirithiú gur lean daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne – a d'aithin an comhphobal idirnáisiúnta mar dhídeanaithe iad –²² de chosaint nó de chúnamh *éifeachtach* a fháil go dtí go mbeadh a seasamh socraithe go cinntitheach i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.²³

40. Dá réir sin, mhínigh an Chúirt go bhfuil cuspóir Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 bunaithe ar an réasúnaíocht go gcaithfidh gur féidir le daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bheith in ann cosaint nó cúnaimh *éifeachtach* a fháil ó UNRWA, agus ní ar an mbonn go ráthaítear dóibh comhlacht nó gníomhaireacht a bheith ann a bhfuil sé de chúram uirthi cúnaimh nó cosaint den sórt sin a sholáthar.²⁴

41. De réir an chomhthéacs sin, baineann an chéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur le saincheist nós imeachta shonrach, atá nasctha leis an bhfóras, sna príomhimeachtaí, go bhfuil SN agus LN ag iarraidh stádas dídeanaí don dara huair. Iarrann sí ar an gCúirt a chinneadh, nuair a dhéanann duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne 'iarratas ina dhiaidh sin' a chur isteach, i ndiaidh dá chéad iarratas a bheith diúltaithe, an gá do na húdaráis náisiúnta inniúla athmheasúnú a dhéanamh ar na heilimintí fórasacha a bhaineann leis na cúiseanna ar fhág an duine lena mbaineann limistéar oibríochta UNRWA, fiú i gcás inar bhreithnigh na húdaráis sin na heilimintí sin cheana féin i gcomhthéacs an nós imeachta a bhaineann leis an gcéad iarratas sin. I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, le linn an nós imeachta sin, go ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla scrúdú ar na heilimintí sin chun a mheas ar chomhlíon an duine sin na critéir ghinearálta chun go ndeonófar stádas dídeanaí dó, agus ní an raibh feidhm ag an *lex specialis* atá in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 ina leith (cionn is nár chuir an t-iarratasóir isteach go raibh sé cláraithe le UNRWA) (A).

42. Tá an dara ceist agus an tríú ceist, a dhéanfaidh mé anailís orthu le chéile, de chineál níos leithne agus de chineál leochaileach. Mar a léirigh mé cheana sa réamhrá thuas, iarrtar ar an gCúirt leo a shoiléiriú, go bunúsach, an féidir cosaint nó cúnaimh UNRWA a mheas mar 'scortha', de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, i leith iarratasóirí a bhain leas as an gcosaint nó cúnaimh sin agus a raibh cónaí orthu i Stráice Gaza, i bhfianaise na ndálaí maireachtála atá i réim go ginearálta sa limistéar sin, gan é a bheith riachtanach a léiriú go ndírítear orthu nó go ndearnadh difear dóibh go sonrach de bharr na ndálaí mar gheall ar thosca a bhaineann lena gcúinsí pearsanta (B).

43. Baineann an ceathrú ceist leis an idirchaidreamh – agus leis an bhforluí ionchasach – idir na coinníollacha is gá dóibh a chomhlíonadh chun go mbeadh duine *ipso facto* i dteideal stádas dídeanaí faoi Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 agus na coinníollacha is gá dóibh a chomhlíonadh chun go ndeonófaí cosaint choimhdeach do dhuine den sórt sin (C).

²¹ Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston (C-31/09, EU:C:2010:119, pointí 41 agus 43).

²² Féach Treoirlínte UNHCR maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Uimh. 13, pointe 2. Mar a thuigim féin é, is mar gheall go n-aithníonn an pobal idirnáisiúnta daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne mar dhídeanaithe gur féidir leo, i gcúinsí áirithe, a bheith *ipso facto* i dteideal stádas dídeanaí faoi Choinbhinsiún na Ginéive (agus faoi Threoir 2011/95), is é sin le rá, gan na critéir ghinearálta a chomhlíonadh chun go ndeonófar an stádas sin dóibh.

²³ Féach, freisin, an breithiúnas in *Abed El Karem El Kott agus páirtithe eile*, mír 62. Go dtí seo, níor aimsíodh aon leigheas maidir leis sin.

²⁴ Féach, sa chiall sin, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2023, *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)* (C-294/22, EU:C:2023:733, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

A. An chéad cheist: an gá atá le hathmheasúnú a dhéanamh ar na heilimintí fíorasacha a scrúdaíodh cheana le linn nós imeachta roimhe seo, ar eilimintí iad atá bunaithe ar bhunús dlí eile

44. Mar atá ráite agam cheana, is ‘iarratais ina dhiaidh sin’ iad iarratais SN agus LN ar chosaint idirnáisiúnta sna príomhimeachtaí. Sainmhínítear iarratais den sórt sin, faoi Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32, mar ‘iarratas breise [nó iarratais bhreise] ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar tar éis cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le hiarratas roimhe sin’.

45. Níor ardaigh an chúirt a rinne an tarchur an cheist an bhfuil feidhm ag Treoir 2013/32, ina bhfuil na rialacha nós imeachta nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla a chomhlíonadh go ginearálta agus iarratais ar chosaint idirnáisiúnta á bpróiseáil acu, maidir le daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as cosaint nó cúnamh UNRWA. As siocair go bhfuil na daoine sin, i bprionsabal, eisiata ó stádas dídeanaí, agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 á chur i bhfeidhm, d’fheadfaí a cheistiú an bhfuil siad eisiata ó na rialacha nós imeachta de Threoir 2013/32 (nó cuid díobh ar a laghad) freisin. Maidir leis sin, tugaim do m’aire, áfach, nach bhfuil aon fhoráil sa Treoir sin ina leith sin. Thairis sin, i mo thuairimse, tá sé loighciúil go mbeadh feidhm ag na rialacha nós imeachta atá sa Treoir sin maidir leis na daoine sin. Go deimhin, cé nach bhfuil siad i dteideal stádas dídeanaí faoi na coinníollacha *substainteacha* céanna atá ag iarrthóirí tearmainn eile (agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 á chur i bhfeidhm), ní féidir liom an fáth ar cheart dá gcuid iarratas a bheith faoi réir rialacha *nós imeachta* eile faoi Threoir 2013/32 de dheasca na gcoinníollacha *substainteacha* difriúla sin a thuiscint.

46. Sna chéad iarratais ar chosaint idirnáisiúnta dá gcuid (ar dhiúltaigh DAB díobh), níor luaigh SN ná LN go raibh siad cláraithe le UNRWA ná go raibh feidhm ag Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 orthu. Léiríonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa cháschomhad os comhair na Cúirte gur dhiúltaigh DAB dá gcéad iarratais toisc nár chomhlíon siad na critéir ghinearálta is gá chun stádas dídeanaí a bhaint amach, mar a leagtar amach sa Treoir sin agus, go háirithe, in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 de. Dá bhrí sin, níor bunaíodh an diúltú sin ar an *lex specialis* atá san Airteagal 12(1)(a) sin.

47. Tá na hiarratais ina dhiaidh sin de chuid SN agus LN éagsúil óna gcéad iarratais a mhéid go ndéanann siad agairt, sna hiarratais ina dhiaidh sin, i leith a gcláraithe le UNRWA agus a dteidlíochta ar stádas dídeanaí agus an fhoráil sin á cur i bhfeidhm. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire gur ‘eilimint nua’ í go bhfuil SN agus LN cláraithe le UNRWA, de réir bhrí Airteagal 33(2) agus Airteagal 40(2) agus (3) de Threoir 2013/32. De bhun na bhforálacha sin, is féidir a mheas gur eilimint ‘nua’ atá i gceist nuair a thagann sí aníos tar éis an cinneadh ar an iarratas roimhe sin de chuid an iarratasóra a bheith glactha nó i gcás ina dtíolacfaidh an t-iarratasóir í den chéad uair mar chuid dá iarratas ina dhiaidh sin.²⁵ Mar a chinn an Chúirt arís agus arís eile, ní gá go n-iardhátaítear an cinneadh críochnaitheach maidir leis na hiarratais a rinne na daoine lena mbaineann roimhe sin le ‘heilimint nua’.²⁶ Cé go raibh SN agus LN cláraithe cheana le UNRWA tráth a rinne siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair, níor nochtadh an eilimint sin ná níor cuireadh ar fáil do DAB í go dtí gur thaisc siad a n-iarratais ina

²⁵ Ina theannta sin, de bhun Airteagal 40(4) den Treoir sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach ndéanfar iarratas ina dhiaidh sin a scrúdú tuilleadh ach amháin mura raibh an t-iarratasóir lena mbaineann in ann, agus gan aon locht air nó uirthi féin, an ‘eilimint nua’ a dhearbhu sa nós imeachta roimhe sin.

²⁶ Féach breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (*Eilimintí nó torthaí nua*) (C-921/19, EU:C:2021:478, mír 50), agus mo Thuairim in *Bundesrepublik Deutschland* (Inghlacthacht iarratais ina dhiaidh sin) (C-216/22, EU:C:2023:646, pointe 34).

dhiaidh sin. Spreagtar cur i bhfeidhm Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 leis an ‘eilimint nua’ sin agus, mar sin de, osclaítear bunús dlí nua léi a d’fhéadfadh SN agus LN a dteidlíocht ar stádas dídeanaí a éileamh air.

48. Sna himthosca sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an é nach amháin go raibh sé de cheangal ar DAB breithniú a dhéanamh, agus iarratais ina dhiaidh sin SN agus LN maidir leis na tuillteanais á scrúdú aige, ní hamháin ar an bhfíoras gur cláraíodh iad le UNRWA (an ‘eilimint nua’), ach ar na heilimintí fíorasacha eile ina gcomhad chomh maith, go háirithe na heilimintí sin maidir leis na cúiseanna ar fhág siad Stráice Gaza, a ndearnadh anailís orthu cheana le linn an nós imeachta roimhe sin. Baineann na cúiseanna sin leis na gnáthdhálaí maireachtála a bhí i réim i Stráice Gaza sular imigh LN agus SN ón limistéar sin.

49. Tagraíonn an chúirt sin d’Airteagal 40(1) de Threoir 2013/32, lena gcuirtear oibleagáid, ina barúil féin, ar na húdaráis náisiúnta inniúla, i ngach aon chás, na heilimintí uile ar bunús leis an iarratas ina dhiaidh sin iad a bhreithniú.

50. Is fíor go dtagraítear leis an bhforáil sin d’oibleagáid den sórt sin. Mar sin féin, mar a thuigim féin é, ní bhaineann Airteagal 40(1) ach le dhá staid shonracha. Tagann an chéad cheann chun cinn i gcás ina ndéanann an t-iarratasóir uiríll bhreise nó ina dtaisceann sé iarratas ina dhiaidh sin sa Bhallstát céanna, sula ndéantar cinneadh críochnaitheach maidir lena chéad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. D’fhéadfadh sé sin a bheith ann, mar shampla, sa chás go bhfuil achomharc leanúnach ar siúl i gcoinne an chinnidh arna ghlacadh ag na húdaráis náisiúnta inniúla. Tagann an dara staid chun cinn i gcás ina ndearnadh cinneadh críochnaitheach cheana, ach ina gceadaítear leis an dlí náisiúnta ábhartha an nós imeachta a athoscailt i bhfianaise ‘eilimint nua’.²⁷

51. Mar atá curtha in iúl ag an gCoimisiún, agus an ceart aige, ní dhealraíonn sé go gcumhdaítear le ceachtar de na staideanna sin an ceann atá idir lámha sna príomhimeachtaí, sa chaoi go mbeidh na húdaráis náisiúnta inniúla i mbun nós imeachta nua tearmainn ar bhunús dlí difriúil mar thoradh ar an iarratas ina dhiaidh sin (*in casu*, Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 mar an bunús dlí nua sin). Níl mé cinnte, mar sin, faoin argóint go bhféadfaí a thabhairt le tuscint ón bhforáil shonrach sin go bhfuil oibleagáid ghinearálta ann na heilimintí uile atá mar bhunús le hiarratas ina dhiaidh sin a bhreithniú.

52. É sin ráite, tugaim do m’aire go n-iarrann Rialtas na Bulgáire ar an gCúirt a hanailís a dhíriú ar Airteagal 40(2) agus (3) de Threoir 2013/32 in ionad Airteagal 40(1) de. Áitíonn sé, murab ionann agus an chéad mhír d’Airteagal 40,²⁸ go bhfuil feidhm ag an dara mír agus an tríú mír den fhoráil sin maidir le staideanna, amhail an ceann atá idir lámha, i gcás ina dtionscnaítear nós imeachta nua tearmainn den sórt sin. Measann an rialtas nach gá, faoi na míreanna sin, eilimintí a ndearnadh measúnú orthu cheana le linn an nós imeachta tearmainn roimhe sin a athscrúdú le linn an nós imeachta nua sin. Ina bharúil, ní gá ach anailís a dhéanamh ar an ‘eilimint nua’ i gcomhthéacs an dara nós imeachta iarratais.

²⁷ I ndáil leis an dá chineál staide a chumhdaítear le hAirteagal 40(1) de Threoir 2013/32, féach breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2018, *Ahmedbekova* (C-652/16, EU:C:2018:801, mír 98), agus an 9 Meán Fómhair 2021, *Bundesamt für Fremdenwesen und Asyl (Iarratas ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta)* (C-18/20, EU:C:2021:710, mír 23).

²⁸ I ndáil leis sin, tagraíonn Rialtas na Bulgáire do bhreithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Eilimintí nó torthaí nua)* (C-921/19, EU:C:2021:478, mír 50).

53. Cé go n-aontaím le Rialtas na Bulgáire faoi ábharthacht Airteagal 40(2) agus (3) de Threoir 2013/32 maidir leis an tsaincheist atá idir lámha sna príomhimeachtaí, ní aontaím leis an léiriú a mholann an rialtas sin. I mo thuairimse, ní féidir leis na húdaráis náisiúnta inniúla iad féin a theorannú do mheasúnú a dhéanamh ar an ‘eilimint nua’ amháin.

54. Maidir leis sin, is fíor go léirítear le hAirteagal 40(2) agus (3) de Threoir 2013/32, arna léamh i bhfianaise Airteagal 33(2)(d) de,²⁹ nach gcuirfeadh cosc ar iarratais ina dhiaidh sin a dhearbhu ina n-iarratais dho-ghlactha ach amháin agus ‘eilimintí nua’ a bheith ann. Dá bhrí sin, i bprionsabal,³⁰ is iad ‘eilimintí nua’ na haon eilimintí ábhartha amháin ag céim inghlacthachta na n-iarratas den sórt sin. Mar sin féin, ní hamhlaidh atá nuair a scrúdaítear iarratas ina dhiaidh sin de réir a thuillteanais (tar éis gur measadh é a bheith inghlactha). Ní mór an dá chéim sin a idirdhealú go soiléir.

55. Go deimhin, nuair a bhogann na húdaráis náisiúnta inniúla ar aghaidh chun scrúdú a dhéanamh ar iarratas ina dhiaidh sin maidir lena thuillteanais, soiléirítear le hAirteagal 40(3) de Threoir 2013/32 nach féidir leis na húdaráis sin caitheamh le hiarratas den sórt sin ar bhealach éagsúil, cionn is nár thaisc iarratasóir céaduaire é. Léirítear leis an bhforáil sin, ag céim an scrúdaithe ar thuillteanais an nós imeachta, go bhfuil feidhm go deimhin ag na bunphrionsabail agus ag na ráthaíochtaí a liostaítear i gCaibidil II den Treoir sin. Ceanglaítear leis an gcaibidil sin, *inter alia*, nach mór cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcáilítear duine mar dhídeanaí ar bhonn aonair, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus ní ‘go dtí go ndéantar scrúdú iomchuí’.³¹

56. Is féidir liom glacadh leis go héasca go bhféadfadh roinnt de na heilimintí fíorasacha a ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla measúnú orthu cheana le linn nós imeachta tearmainn roimhe seo a bheith comhionann leis na heilimintí fíorasacha nach mór dóibh a mheas agus iarratais na ndaoine lena mbaineann ina dhiaidh sin á scrúdú acu, fiú i gcás ina bhfuil an dá nós imeachta bunaithe ar bhunús dlí éagsúla. Mar shampla, féadfaidh na daoine sin – arb amhlaidh an cás anseo, is cosúil – na cúiseanna céanna a agairt i leith a dtír thionscnaimh nó a limistéar tionscnaimh a fhágáil. I mo thuairimse, áfach, ní shaorann sé sin na húdaráis sin ón oibleagáid athmheasúnú a dhéanamh ar ábharthacht agus ar chruinneas³² na n-eilimintí fíorasacha sin. Is gá an oibleagáid sin a chomhlíonadh, mar is amhlaidh an staid sna príomhimeachtaí, i gcás nach ionann an bunús dlí faoina ndéantar measúnú ar an iarratas ina dhiaidh sin (Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95) agus an bunús dlí a ndearnadh an nós imeachta roimhe ar a bhonn. I staid den sórt sin, ní mór athmheasúnú a dhéanamh ar na heilimintí ábhartha – fiú má rinneadh scrúdú orthu le linn an nós imeachta roimhe sin – trí phríosma na gcritéar sonracha atá in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95.

57. Mar a mhínigh mé i bpointí 36 go 38 thuas, tá riail shonrach san fhoráil sin maidir le teidlíocht ar stádas dídeanaí, rud atá éagsúil leis na critéir ghinearálta a leagtar amach, go háirithe, in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 de Threoir 2011/95. Agus Airteagal 12(1)(a) den Treoir sin á chur i

²⁹ De bhun na forála sin, ní fhéadfar iarratais a dhéanfar ina dhiaidh sin a dhearbhu mar iarratais neamh-inghlactha ach amháin i gcás nár tháinig aon eilimintí nó torthaí nua a bhaineann leis an scrúdú i dtaobh an gcáilíonn an t-iarratasóir mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta de bhua Threoir 2011/95 chun cinn nó nár thíolaic an t-iarratasóir iad. Cuirtear in iúl go soiléir le hAirteagal 40(3) den Treoir sin freisin nach mór don ‘eilimint nua’ ‘cur go suntasach leis an dóchúlacht’ go gcáileodh an t-iarratasóir le haghaidh cosaint idirnáisiúnta.

³⁰ D’fhéadfaí a rá nach féidir anailís a dhéanamh ar an gceist an mbíonn ‘eilimint nua’ ag ‘[cur] go suntasach leis an dóchúlacht’ go gcáileodh an t-iarratasóir le haghaidh cosaint idirnáisiúnta ar leithlis ó eilimintí eile sa cháschomhad, ní a chiallaíonn go bhféadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis, in aon chás, eilimintí eile a chur san áireamh ag céim na hinghlacthachta.

³¹ Féach Airteagal 10(3)(a) de Threoir 2013/32.

³² Más rud é gur measadh nach raibh eilimint fhíorasach ábhartha le linn an nós imeachta tearmainn roimhe sin, d’fhéadfadh na húdaráis náisiúnta inniúla neamhaird a dhéanamh di gan scrúdú a dhéanamh ar an raibh fianaise leordhóthanach ag gabháil léi. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé go gcaithfí cruinneas na heiliminte sin a athscrúdú.

bhfeidhm, ní cheanglaítear ar na húdaráis náisiúnta inniúla a chinneadh, i bhfianaise na gcúiseanna lenar spreagadh é chun a limistéar tionscnaimh a fhágáil, an bhfuil ‘eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint’ ar an duine sin, díreach mar a bheadh orthu faoi na critéir ghinearálta le haghaidh stádas dídeanaí a fháil dá bhforáiltear, *inter alia*, in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 den ionstraim sin. Dá bhrí sin, níl an ceanglas sin maidir le ‘heagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint’ ábhartha maidir leis an measúnú nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla a dhéanamh faoi Airteagal 12(1)(a), arb é is fócas dó an bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA ‘scortha’. Ní mór aon chúis a d’fhéadfaí a bheith ag an duine sin a limistéar tionscnaimh a fhágáil, sa chomhthéacs sin, a mheasúnú i bhfianaise an cheanglais sin amháin.

58. Is féidir liom a shamhlú go furasta gur féidir fianaise go raibh cónaí ar dhuine i ndroch-dhálaí ábhartha i limistéar oibríochtaí UNRWA agus gur fhág sé an limistéar sin de dheasca na ndroch-dhálaí ábhartha sin (mar is amhlaidh i gcás SN agus LN sna príomhimeachtaí, is cosúil) a bheith mar thoisic agus cinneadh á dhéanamh ar an gceist i dtaobh an bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA ‘scortha’ ina leith, sa chaoi go bhfuil sé *ipso facto* i dteideal stádas dídeanaí faoi Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, agus ar an gceist i dtaobh an gá go mbronnfaí an stádas sin air agus na critéir ghinearálta, *inter alia*, atá in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 den Treoir sin á gcur i bhfeidhm *araon*. Mar sin féin, is dócha nach mbeadh an meas céanna ag na húdaráis náisiúnta inniúla ar an bhfianaise sin, ag brath ar cé acu den dá bhunús dlí sin a bheadh ábhartha. Le linn nós imeachta bunaithe ar na critéir ghinearálta lena mbronnar stádas dídeanaí a leagtar amach i dTreoir 2011/95 (agus ní in Airteagal 12(1)(a) den Treoir sin), caitheann údaráis náisiúnta inniúla le fianaise go raibh cónaí ar an duine lena mbaineann i ndroch-dhálaí ábhartha ar bhealach éagsúil ná mar a chaitear léi faoi Airteagal 12(1)(a), ós rud é gur gá dóibh, i measc nithe eile, díriú ar an féidir meath na ndálaí maireachtála a raibh na daoine sin neamhchosanta ina leith a mheas mar ‘ghníomh géarleanúna’³³ agus ní ar an gcuirtear le scor chosaint nó chúnamh UNRWA a bhunú leis.

59. I bhfianaise na mbreithnithe sin, tá mé den tuairim, agus scrúdú á dhéanamh ar iarratas ina dhiaidh sin ar bhonn Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, gur gá do na húdaráis náisiúnta inniúla, i bhfianaise na gcritéir dlí a bhaineann go sonrach leis an bhforáil sin, athscrúdú a dhéanamh ar na heilimintí fíorasacha a ndearna siad anailís orthu cheana i gcomhthéacs nós imeachta roimhe sin nár bunaíodh ar an bhforáil sin ach ar na critéir ghinearálta is gá do dhaoine nach dtagann faoi réim raon feidhme Airteagal 12(1)(a) den Treoir sin a chomhlíonadh chun go ndeonófaí stádas dídeanaí dóibh.

B. An dara ceist agus an tríú ceist: scor chosaint nó chúnamh UNRWA i bhfianaise na ngnáthdhálaí maireachtála atá i réim i gcuid dá limistéar oibríochta

60. Leis an dara ceist agus an tríú ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt a shoiléiriú, go bunúsach, an gá go measfaí cosaint nó cúnamh UNRWA a bheith ‘scortha’, de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, i leith daoine a bhain leas as an gcosaint nó as an gcúnamh sin, i bhfianaise na ngnáthdhálaí maireachtála atá i réim go ginearálta i Stráice Gaza agus gan é a bheith riachtanach do dhaoine den sórt sin a léiriú go ndírítear orthu nó go ndéantar difear dóibh go sonrach de bharr tosa a bhaineann lena gcúinsí pearsanta féin. Ceistíonn sí freisin an bhféadfadh an freagra ar an gceist sin a bheith difriúil dá mbeadh na hiarratasóirí ina leanaí.

³³ Sainmhínítear ‘ghníomhartha géarleanúna’ in Airteagal 9 de Threoir 2011/95.

61. Meabhraím, chun go mbeadh feidhm ag an gclásal cuimsithe atá in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, mar a léirítear go sainráite san fhoráil sin, gur leor go scoirtear cosaint nó cúnamh orgáin nó gníomhaireachta amhail UNRWA ar ‘chúis ar bith’.

62. Agus í ag cur le brí na dtéarmaí sin, chinn an Chúirt nach amháin go scoirtear de chosaint nó de chúnamh UNRWA sa chás go dtagann deireadh leis an ngníomhaireacht sin a bheith ann, ach ina theannta sin, sa chás go raibh ar an duine lena mbaineann limistéar oibríochta UNRWA a fhágáil ar chúiseanna nach mbaineann lena thoil.³⁴ Is amhlaidh an cás má tá sábháilteacht phearsanta an duine lena mbaineann i mbaol tromchúiseach (an chéad cheanglas)³⁵ agus mura féidir leis an ngníomhaireacht sin a ráthú go bhfuil dálaí maireachtála an duine sin ina limistéar oibríochta ag teacht leis an misean atá faoina cúram, is é sin dálaí maireachtála ‘díniteacha’ a áirithiú³⁶ (an dara ceanglas).

63. Chun a fhíorú an gcomhlíontar na ceanglais sin agus an bhfuil na daoine lena mbaineann, mar thoradh air sin, *ipso facto* i dteideal stádas dídeanaí faoi Threoir 2011/95, ní hamháin gur gá do na húdaráis náisiúnta inniúla breithniú a dhéanamh ar na cúiseanna a spreag na hiarratasóirí chun limistéar oibríochta UNRWA a fhágáil, ach breithniú a dhéanamh freisin ar an féidir leo filleadh air. Rinne an Chúirt an ceanglas sin an-soiléir ina breithiúnas i *Secretary of State for the Home Department (Stádas dídeanaí duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne)*,³⁷ inar chinn sí gur cheart do na húdaráis sin a fhíorú an bhfuil féidearthacht éifeachtach ann filleadh ar limistéar oibríochta UNRWA. Mhínigh sí nach mór eilimintí fíorasacha a chur san áireamh, mar is ann dóibh ní hamháin tráth imeacht an duine sin ó limistéar oibríochta UNRWA ach nuair atá a iarratas á bhreithniú freisin.³⁸

64. Dá bhrí sin, i gcás daoine atá ina gcónaí i Stráice Gaza, áit a bhfuil leibhéal na neamhshláine agus na dálaí maireachtála ag athrú go tapa, go háirithe ó tharla na himeachtaí ann ón 7 Deireadh Fómhair 2023, ní mór faisnéis bheacht agus cothrom le dáta maidir leis an staid ghinearálta atá i réim *faoi láthair* sa limistéar sin a chur san áireamh, de bhreis ar na cúiseanna a spreag na daoine sin é a fhágáil ar an gcéad dul síos.

65. Tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios nach raibh SN agus LN faoi réir bagairtí aonair ar a slándáil sular fhág siad Stráice Gaza agus gur fhág siad an limistéar sin dá ndeoin féin. Mar sin féin, míníonn an chúirt sin go raibh ‘géarchéim dhaonnúil nach bhfacthas riamh cheana, lenar bhain

³⁴ Féach breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2023, *OFRA (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)* (C-294/22, EU:C:2023:733, míreanna 34 agus 36, agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar a mhínigh an Chúirt, ní féidir a mheas gur scor den chosaint nó den chúnamh é neamhláithreachta ó réimse oibríochta UNRWA, gan aon léiriú go raibh ar an duine lena mbaineann an réimse sin a fhágáil, ná ní féidir cinneadh deonach chun fágáil a mheas mar scor den chosaint nó den chúnamh.

³⁵ I ndáil leis sin, cuirim leis, mar a mhínítear i mo Thuairim in SW (*Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát*) (C-294/22, EU:C:2023:388, pointe 40), go mbaineann an téarma ‘baol tromchúiseach’ le fire an riosca go dtiocfadh na bagairtí ábhartha ar shábháilteacht phearsanta chun cinn agus go ndéanfaí difear do shábháilteacht an duine má tá sé nó sí le fanacht i limistéar oibríochta UNRWA. Chun cáiliú mar bhagairtí ar ‘shábháilteacht phearsanta’, ní mór do na bagairtí a bheith dian go leor (i bhfocail eile, ní mór go dtuigfí go ndéanfaí díobháil thromchúiseach leo).

³⁶ Féach breithiúnas an 3 Márta 2022, *Secretary of State for the Home Department (Stádas dídeanaí duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne)* (C-349/20, EU:C:2022:151, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach, freisin, breithiúnas an 13 Eanáir 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Stádas dídeanaí duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne)* (C-507/19, EU:C:2021:3, míreanna 44 agus 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

³⁷ Féach breithiúnas an 3 Márta 2022 (C-349/20, EU:C:2022:151, míreanna 56 agus 57). Bhain an breithiúnas sin le léiriú Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2004/83/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le caighdeáin íosta le haghaidh cáiliú agus stádas náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhéanaithe nó mar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ar shlí eile de dhíth orthu agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2004 L 304, lch. 12), a aisghaireadh le Treoir 2011/95 agus ar cuireadh an Treoir sin ina hionad. Mar sin féin, is ionann an fhoráil sin agus Airteagal 12(1)(a) den Treoir sin.

³⁸ *Ibid.*, mír 58.

easpa bia, uisce óil, seirbhísí sláinte agus cógas, chomh maith le fadhbanna soláthair uisce agus leictreachais, agus foirgnimh agus infreastruchtúr á scriosadh, agus dífhostaíocht' ar siúl i Stráice Gaza cheana féin nuair a d'fhág SN agus LN an áit sin in 2018.

66. Maidir leis an tréimhse tar éis do SN agus LN an limistéar sin a fhágáil, dearbhaíonn an chúirt a rinne an tarchur na deacrachtaí a bhíonn ag UNRWA maidir le soláthar seirbhísí a choinneáil ag gabháil i Stráice Gaza (lena n-áirítear i bhfoirm bia agus seirbhísí sláinte). Tugann an chúirt sin le fios freisin, fiú sularbh ann do na himeachtaí a thit amach sa limistéar sin ón 7 Deireadh Fómhair 2023, nach raibh sé cinnte go mbeadh SN agus LN, dá bhfillfidís ar Stráice Gaza, in ann an bia, an leigheas, na seirbhísí sláinte nó an t-oideachas a theastaíonn uathu a fháil ó UNRWA. I bhfianaise na n-eilimintí sin, tá amhras uirthi go bhféadfadh sé go mbeadh ar *aon* duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne filleadh ar an limistéar sin.

67. Aontaím leis an gCoimisiún nach faoin gCúirt atá sé a measúnú fíorasach féin a dhéanamh ar na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim i Stráice Gaza ná ar imthosca pearsanta na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí. Go deimhin, ní mór a mheabhrú nach dtugtar de chumhacht don Chúirt le hAirteagal 267 CFAE rialacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar chás ar leith, ach chun rialú a thabhairt ar léiriú ar na Conarthaí agus ar ghníomhartha institiúidí an Aontais amháin. Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur (nó, de réir mar a bheidh, faoi na húdaráis náisiúnta inniúla) atá sé a fhíorú, go sonrach, i bhfianaise na ngnáthdhálaí maireachtála atá i réim i Stráice Gaza *faoi láthair*, an bhfuil SN agus LN i dteideal stádas dídeanaí faoi Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95. Mar sin féin, tá an Chúirt i dteideal soiléiriú a dhéanamh ar na critéir dhlíthiúla nach mór don chúirt a rinne an tarchur nó na húdaráis sin a chur i bhfeidhm ina leith sin agus ar na himthosca atá ábhartha don mheasúnú sin.

68. Is í an phríomhcheist atá le freagairt ina leith sin, chun a shuí go bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA 'scortha' i leith duine a bhain leas as an gcosaint nó as an gcúnamh sin i réimse oibríochta na gníomhaireachta sin nó i gcuid di, an leor don duine sin na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim ann a agairt.

1. *Tábhacht choibhneasta na n-eilimintí a bhaineann leis na gnáthdhálaí maireachtála [...]*

69. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcásanna *nach bhfuil* feidhm ag Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 ina leith agus ina mbraitheann na húdaráis náisiúnta inniúla ar na critéir ghinearálta lena chinneadh an bhfuil stádas dídeanaí, dá bhforáiltear sa Treoir sin, le deonú (critéir atá sonraithe, *inter alia*, in Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 den ionstraim sin), ní leor an fíoras, ann féin, go bhfuil duine i mbaol tromchúiseach díobháil thromchúiseach a fhulaingt mar thoradh ar dhálaí maireachtála gan dínit, drochíde, foréigean neamh-idirdhealaitheach nó díobháil thromchúiseach eile má fhilleann sé ar a thír thionscnaimh, go mbeidh an duine sin i dteideal stádas dídeanaí *de facto*.

70. De bhun na gcritéir ginearálta sin, ní dheonaítear stádas dídeanaí ach amháin má tá 'eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint' ar an iarrthóir tearmainn, de réir bhrí Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 de Threoir 2011/95. Níl 'eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint' ann ach más ionann na gníomhartha ábhartha agus 'gníomhartha géarleanúna' (mar a sainmhínítear in Airteagal 9 den Treoir sin), agus má dhéanann gníomhaithe áirithe iad (a liostaítear faoi Airteagal 6 de) agus má tá siad ceangailte le cúis shonrach (mar a thuairiscítear in Airteagal 10 de Threoir 2011/95).

71. Mar sin féin, d'fhéadfaí go mbeadh na daoine lena mbaineann i dteideal cosaint choimhdeach mar gheall ar bhaol díobháil thromchúiseach, mura n-éiríonn é sin chuig leibhéal 'eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint' fiú, ar foirm dhifriúil cosanta idirnáisiúnta í sin³⁹ (a shonraítear na coinníollacha di in Airteagal 15 den Threoir sin). D'fhéadfaí, ar bhonn níos ginearálta, oibleagáid a chur ar na Ballstáit leis gan na daoine sin a chur ar ais chuig a dtír thionscnaimh nó chuig a limistéar tionscnaimh, trí chur i bhfeidhm phrionsabal an non-refoulement. Cumhdaítear an prionsabal sin, *inter alia*, in Airteagal 3 ECHR⁴⁰ agus in Airteagal 19(2) den Chairt. Go sonrach, ceanglaítear leis an bhforáil dheireanach sin nach ndéanfaí aon duine 'a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar é nó í a chur faoi phionós an bháis nó a chéasadh nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach a chur air nó uirthi'.

72. Is gá anailís dhifriúil a úsáid nuair atá feidhm ag Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95.

73. Mar a mhínigh mé, leis an bhforáil sin, fágfar go bhfuil teidlíocht daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as cosaint nó cúnamh UNRWA chun stádas dídeanaí a fháil ag brath ar an bhfuil an chosaint nó an cúnamh sin 'scortha'. Mar a thug mé le fios i bpointe 62 thuas, is é misean UNRWA 'dálaí maireachtála *díniteacha*' a áirithiú do na daoine a chuirtear faoina chosaint nó faoina chúnamh, trí fhreastal ar a mbunriachtanais (i dtéarmaí, *inter alia*, bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe). Ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 4 den Chairt (lena bhforáiltear '[n]í dhéanfar céastóireacht ar aon duine ná ní chuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine' agus atá coibhéiseach le hAirteagal 3 ECHR) agus oibleagáidí dearfacha maidir le cosaint do *dhínit* an duine,⁴¹ is léir dom – agus ní haon áibhéil a rá – nach mór a mheas go bhfuil misean UNRWA 'scortha' má tá baol tromchúiseach ann go mbeadh na daoine sin, dá gcuirfeadh ar ais chuig limistéar oibríochta UNRWA (nó cuid de) iad, neamhchosanta ar íde atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt, toisc nach bhféadfaí a riachtanais bhunúsacha (a bhfuil sé d'oibleagáid ar UNRWA a áirithiú) a shásamh. Áirítear leis sin dálaí maireachtála gan dínit, drochíde, foréigean neamh-idirdhealaitheach, chomh maith le díobháil thromchúiseach eile, lena nglactar leis go bhfuil pian fhisiciúil nó mheabhrach nó fulaingt de dhéine nó d'fhad leordhóthanach ag gabháil leo chun an tairseach a leagtar síos leis an bhforáil sin a chomhlíonadh,⁴² arb ionann í agus an tairseach faoi Airteagal 19(2) den Chairt.⁴³ Go suntasach, ní cheanglaítear leis sin a léiriú go ndéanann gníomhaithe áirithe an díobháil thromchúiseach nó go bhfuil sí ceangailte le cúis ar leith agus, mar sin de, gurb ionann í agus 'géarleanúint'.

³⁹ Féach Airteagal 2(a), (e) agus (g) de Threoir 2011/95.

⁴⁰ Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR), a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950. Dá bhrí sin, is ionann brí agus raon feidhme Airteagal 4 den Chairt, i gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt, agus an bhrí agus raon feidhme a leagtar síos le hAirteagal 3 ECHR.

⁴¹ Féach, sa chiall sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile* (C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tugaim do m'aire gurb é meas ar dhínit an duine ábhar Airteagal 1 den Chairt. Mar a mhínigh an tAbhcóide Ginearálta Trstenjak, 'faoi Airteagal 1 den Chairt, ní hamháin go gcaithfear dínit an duine a "urramú", ach ní mór í a "chosaint" freisin. Is eilimint dhílis freisin d'Airteagal 4 den Chairt í feidhm chosanta dhearfach den sórt sin' (féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Trstenjak i gCásanna Uamtha NS, C-411/10 agus C-493/10, EU:C:2011:610, pointe 112).

⁴² De réir chásdlí socair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR), ionas go dtiocfadh drochíde faoi raon feidhme Airteagal 3 ECHR (atá coibhéiseach le hAirteagal 4 den Chairt), ní mór go mbeainfí amach íosleibhéal déine leis an drochíde (féach, *inter alia*, ECtHR, 1 Meitheamh 2010, *Gäffen v an Ghearmáin* CE:ECHR:2010:0601JUD002297805), § 88 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁴³ Bunaítear Airteagal 19(2) den Chairt ar an leibhéal céanna díobhála le hAirteagal 4 di. Measaim gur fiú a thabhairt faoi deara, sa tríú ceist, go luann an chúirt a rinne an tarchur prionsabal an non-refoulement agus saintagairt á déanamh aici ar Airteagal 19(2) den Chairt, ach ar Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95 freisin. Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin nuair a dhéanann na húdaráis náisiúnta inniúla scrúdú ar an gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 12(1)(a), cionn is go bhfoirmítear le cuid de na forálacha – agus nach bhfuil feidhm aici ach ar fhorálacha – Chaibidil VII de Threoir 2011/95, ach áirítear Airteagal 12(1)(a) i gCaibidil III den ionstraim sin. Is léir dom, áfach, nach bhfuil in Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95 ach léiriú nithiúil ar an bprionsabal leathan sin, ar prionsabal é nach mór do na Ballstáit a urramú aon uair a chuireann siad an ionstraim sin i bhfeidhm.

74. Dá bharr sin, más rud é go bhfuil duine a bhain leas as cosaint nó cúnamh UNRWA, mar gheall ar mhainneachtain UNRWA a áirithiú go sásaítear a bhunriachtanais,⁴⁴ neamhchosanta ar dhrochíde a chomhlíonann an tairseach sin, ní mór a mheas go gcomhlíontar an dá cheanglas atá leagtha amach agam i bpointe 62 thuas leis sin. I dtéarmaí nithiúla, ní mór a mheas gur ‘cuireadh ar’ an duine lena mbaineann limistéar oibríochta UNRWA a fhágáil agus, ar an gcúis sin, go bhfuil sé i dteideal *ipso facto* stádas dídeanaí a fháil faoi Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95.

75. Le bheith soiléir, mar a mhínigh mé go díreach, ní thugann riosca neamhchosanta ar íde atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt, ann féin, ceart d’aon duine stádas dídeanaí a fháil san Aontas Eorpach. Tá ról sonrath le himirt ag an bhforáil sin, áfach, maidir le daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as cosaint nó cúnamh ó UNRWA agus maidir leis an gceist an bhfuil siad i dteideal stádas dídeanaí san Aontas Eorpach agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 á chur i bhfeidhm. I ndáil leis sin, meabhraím, mar a mhínigh mé i bpointe 39 thuas, go n-aithníonn an comhphobal idirnáisiúnta daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne mar dhídeanaithe cheana féin. Is é an fáth a ndéantar iad a eisiáimh ó stádas dídeanaí faoi Threoir 2011/95 ná gur cheart dóibh cosaint nó cúnamh *éifeachtach* a fháil ó UNRWA, ar cheart dó freastal ar a mbunriachtanais (i dtéarmaí, *inter alia*, bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe) agus a áirithiú go mbaineann siad tairbhe as dálaí maireachtála díniteacha. Ní féidir bonn cirt a thabhairt a thuilleadh leis an eisiáimh sin más rud é, mar thoradh ar mhainneachtain UNRWA a áirithiú go sásaítear na bunriachtanais sin, go bhfághtar neamhchosanta iad ar íde atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt.

76. Agus é sin ráite agam, tá mé den tuairim cibé an féidir fianaise ar mheath na ngnáthdhálaí maireachtála atá i réim i limistéar oibríochta UNRWA nó i gcuid de a bheith leordhóthanach chun a shuí go mbeidh an duine lena mbaineann neamhchosanta ar íde atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt, má tá sé le filleadh ar an áit sin, agus, dá bhrí sin, go bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA ‘scortha’ ina leith, de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, go mbraitheann an cheist sin go beacht ar ghrád an mheatha den sórt sin.

77. Ar thaobh amháin, aontaím nach leor an fíric nach bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála i limistéar oibríochta UNRWA nó i gcuid de chomh maith leis na dálaí a d’fhéadfadh a bheith ag duine dá ndeonófaí stádas dídeanaí dó i mBallstát chun a mheas gur cuireadh ar an duine sin an limistéar sin a fhágáil.⁴⁵ Ar an taobh eile, dealraíonn sé dom nach féidir é a chur as an áireamh, i roinnt staideanna áirithe, go bhféadfadh na gnáthdhálaí maireachtála sin a bheith chomh dofhulaingthe sin gur féidir iad a mheas mar dhálaí ‘gan dínit’ do gach duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne atá ina gcónaí ann (a). Idir an dá thaobh sin den speictream, maidir leis an gceist i dtaobh an féidir a mheas, mar gheall ar na gnáthdhálaí maireachtála céanna (cé nach bhfuil siad chomh dian céanna), gur ‘cuireadh ar’ an duine lena mbaineann limistéar oibríochtaí UNRWA a fhágáil, braitheann sé sin, mar a mhíneoidh mé, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé mar bhall de ghrúpa fíorleochaileach (b) nó an gá é a mheas mar dhuine fíorleochaileach nó mar dhuine a rinneadh difear sonrath dó mar gheall ar a chúinsí pearsanta (c).

⁴⁴ Cibé cúis a d’fhéadfadh a bheith le mainneachtain UNRWA.

⁴⁵ Féach, sa chiall sin, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2023, *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)* (C-294/22, EU:C:2023:733, mír 45).

(a) *Staideanna ina bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála ‘gan dínit’ le haghaidh gach duine*

78. Meabhraím gur rialaigh an Chúirt cheana féin, ina breithiúnas in *Elgafaji, inter alia*, maidir leis an gceist an féidir cosaint choimhdeach a dheonú mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach a d’eascair as coinbhleacht armtha inmheánach nó idirnáisiúnta, go bhfuil staideanna ann ina bhfuil leibhéal chomh dian sin d’fhoréigean neamh-idirdhealaitheach go bhfuil forais shubstantiúla ann lena mheas go mbeadh fíorbhaol ann do shibhialtach a chuirfí ar ais chuig an tír nó ar an limistéar ábhartha, mar gheall ar é a bheith sa chríoch sin agus mar gheall air sin amháin, go mbeadh sé faoi réir bagairt dá bheatha.⁴⁶

79. Ar a bharr sin, ina breithiúnas in *Jawo*, d’aithin an Chúirt cheana (ach ní i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 fós)⁴⁷ go bhféadfadh go mbeadh fadhbanna oibríochta nó lochtanna córasacha chomh mór sin ann i limistéir gheografacha, sa chleachtas, go mbeadh baol substainteach ann go bhféadfadh go gcaithfí le haon iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, agus é aistriithe nó curtha ar ais chuig na limistéir sin, ar bhealach atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt. In imthosca den sórt sin, tá aistriithe nó fillteacha aon iarrthóra tearmainn chuig na limistéir gheografacha sin, go simplí, dodhéanta,⁴⁸ ar bhonn na ngnáthdhálaí maireachtála atá i réim ansin, gan é a bheith riachtanach do na daoine sin a thaispeáint gur baill iad de ghrúpa fíorleochaileach iarrthóirí tearmainn (mar shampla, toisc gur leaná iad), nó go bhfuil siad fíorleochaileach mar gheall ar a gcúinsí pearsanta (mar shampla, mar gheall ar thinneas) nó gur dócha go ndéanfar difear dóibh de dheasca na ngnáthdhálaí sin, arís mar gheall ar a gcúinsí pearsanta (mar shampla, toisc go bhfuil a dteach lonnaithe i limistéar ar dócha go ndíreofar gníomhartha foréigneacha air).

80. Ní thagann cosc iomlán den sórt sin chun cinn ach le staid atá thar a bheith tromchúiseach. Chinn an Chúirt nach mbainfear amach leibhéal fíor-ard déine i staideanna nach bhfuil iontu ach leibhéal ard neamhshláine nó díghrádú suntasach ar na gnáthdhálaí maireachtála fiú.⁴⁹ An rud a theastaíonn ná baol tromchúiseach go mbeadh daoine ar cuireadh ar ais chuig an limistéar sin iad, mar gheall ar na fadhbanna oibríochtúla nó lochtanna sistéamacha móra sin, i staid fíorbhochtaineachta ábhartha a bhféadfadh nach mbeidís in ann a riachtanais is bunúsaí a shásamh, amhail, *inter alia*, bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe, ar staid í lena mbainfí an bonn dá sláinte fhisiciúil nó mheabhrach nó lena gcuirfí i riocht meatha iad a bheadh ar neamhréir le dínit an duine.⁵⁰

81. Measaim gur féidir an loighic sin a thabhairt isteach de réir chomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95. Ar an gcéad dul síos, is foráil feidhmithe trasnaí é Airteagal 4 den Chairt, agus mar sin níl aon léiriú ar an bhforáil sin ag an gCúirt teoranta d’ionstraim ar leith den dlí tánaisteach. Ar an dara dul síos, ní féidir é a chur as an áireamh – agus ní haon áibhéil a rá – go bhféadfar go mbeidh easnaimh shistéamacha den déine sin ann i gcuid de limistéar oibríochta UNRWA (*in casu*, Stráice Gaza) (mar shampla, mar gheall ar

⁴⁶ Féach, ina leith sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2009 (C-465/07, EU:C:2009:94, mír 43). Féach, freisin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *Bundesrepublik Deutschland (An coincheap ‘bagairt thromchúiseach agus aonair’)* (C-901/19, EU:C:2021:472, míreanna 27 agus 28) agus, is déanaí, breithiúnas an 9 Samhain 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (An coincheap ‘díobháil thromchúiseach’)* (C-125/22, EU:C:2023:843, míreanna 40 agus 41).

⁴⁷ Féach breithiúnas an 19 Márta 2019 (C-163/17, EU:C:2019:218). Bhain an breithiúnas sin leis an tsaincheist an bhféadfadh Airteagal 4 den Chairt cosc a chur ar iarratasóir a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil mar gheall ar lochtanna córasacha líomhnaithe sa nós imeachta tearmainn agus sna dálaí glactha sa Bhallstát sin. Maidir leis an tsaincheist chéanna, féach, freisin, breithiúnas an 21 Nollaig 2011, *N.S. agus páirtithe eile* (C-411/10 agus C-493/10, EU:C:2011:865, míreanna 81 agus 86 go 94).

⁴⁸ Féach breithiúnas an 19 Márta 2019, *Jawo* (C-163/17, EU:C:2019:218, mír 85).

⁴⁹ *Ibid.*, mír 91.

⁵⁰ *Ibid.*, míreanna 92 agus 93.

choinbhleacht armtha nó imshuí míleata nó, i dtéarmaí na cúirte a rinne an tarchur, ‘géarchéim dhaonnúil nach bhfacthas riamh cheana’), go bhfuil baol suntasach ann go mbeadh aon duine a chuirfí ar ais ann – mar gheall air féin a bheith i láthair sa chríoch sin agus mar gheall air sin amháin – i staid fíorbhochtaineachta ábhartha a bhfágadh nach mbeadh sé in ann a riachtanais is bunúsaí a shásamh, amhail, *inter alia*, bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe, ar staid í lena mbainfí an bonn dá shláinte fhisiciúil nó mheabhrach nó lena gcuirfí i riocht meatha é a bheadh ar neamhréir le dínit an duine agus, dá bhrí sin, le hAirteagal 4 den Chairt.

82. I staideanna den sórt sin, táim den tuairim gur leor fianaise ar ghnáthdhálaí maireachtála den sórt sin, sa chiall nach féidir a cheangal ar iarratasóirí a léiriú go bhfuil na gnáthdhálaí sin ‘gan dínit’ dóibh, ar bhealach aonair (mar shampla, mar gheall ar a leochaileacht ar leith), nó go ndéantar difear sonrath dóibh de dheasca na ndálaí sin mar thoradh ar thosca a bhaineann go sonrath lena n-imthosca pearsanta (mar shampla, go bhfuil a dteach lonnaithe i sráid a ndírítear diúracáin uirthi go rialta, mar is amhlaidh i gcás SN agus LN, is cosúil).⁵¹

83. Mar sin féin, ní mór a shuí fós gur féidir a mheas go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála ‘gan dínit’ agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt do bheagnach *gach duine*, sa chiall go gcaithfidh siad a bheith chomh dian sin gur dócha go mbainfidís le daoine beag beann ar a n-imthosca pearsanta nó ar a bhféiniúlacht. Ar choinníoll gurb amhlaidh an cás, is féidir a mheas, ar an gcéad dul síos, go mbeadh sábháilteacht phearsanta aon iarratasóra a mbeadh sé de cheangal air filleadh ar an limistéar sin i mbaol tromchúiseach (an chéad cheanglas a bhfuil tagairt déanta agam ina leith i bpointe 62 thuas) agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil UNRWA in ann a ráthú go bhfuil dálaí maireachtála an duine sin ag teacht leis an misean a chuirtear faoina chúram, arb é sin dálaí maireachtála ‘díniteacha’ a áirithiú trína áirithiú go sásaítear a riachtanais bhunúsacha (an dara ceanglas). Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil cosaint nó cúnamh na gníomhaireachta sin ‘scortha’ i leith iarratasóir den sórt sin, de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95.

(b) Staideanna inar gá don iarratasóir a léiriú go bhfuil sé ina bhall de ghrúpa fíorleochaileach

84. Tá gá le cur chuige níos caolchúisí, i mo thuairimse, i staideanna nach sroicheadh an leibhéal déine a luaitear sa roinn roimhe seo. Go deimhin, i staideanna nach ndéantar difear dóibh le heasnamh shistéamacha atá dian go leor go meastar go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála ‘gan dínit’ agus, dá bhrí sin, ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt do bheagnach *gach duine*, d’fhéadfadh sé go gcruthófaí ‘dálaí maireachtála gan dínit’ leo do ghrúpaí daoine atá fíorleochaileach (nó daoine fíorleochaileacha ar leith, mar a mhíneoidh mé sa chéad roinn eile) trí gan ligean dóibh a riachtanais is bunúsaí a shásamh.

85. I ndáil leis sin, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach, go sonrath, an ndéantar difear leis an bhfíric gur *leanbh* é an t-iarratasóir don leibhéal déine is gá chun go measfaí na gnáthdhálaí maireachtála i Stráice Gaza a bheith ‘gan dínit’.

⁵¹ Féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Samhain 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (An coincheap ‘díobháil thromchúiseach’)* (C-125/22, EU:C:2023:843, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

86. Tugaim do m'aire gur chinn an Chúirt go bhfuil an measúnú maidir le cibé arb ann do 'fhíorbhaol íde atá mídhaonna nó táireach de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt' ag brath ar leochaileacht ar leith an iarrthóra tearmainn lena mbaineann.⁵² Thairis sin, d'aithin ECtHR go bhfuil an measúnú ar an leibhéal íosta déine a gcaithfidh a bheith i gceist le drochíde chun teacht faoi raon feidhme Airteagal 3 ECHR, 'de réir chineál na nithe, coibhneasta'.⁵³

87. A mhéid a bhaineann le leanaí, chuir an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine i dtreis arís agus arís eile, ina cásdlí a bhaineann le léiriú Airteagal 3 ECHR, gur grúpa fíorleochaileach é a bhfuil riachtanais shonracha aige, atá éagsúil, go háirithe ó thaobh sábháilteachta agus slándála de, ó riachtanais de chuid daoine fásta.⁵⁴ Athluaitear an cásdlí sin in ionstraimí éagsúla de dhlí tearmainn an Aontais, ós rud é, mar shampla, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na dálaí maireachtála a chuirtear ar fáil do leanaí tar éis dóibh stádas dídeanaí a fháil,⁵⁵ chomh maith le go dtí go ndéanfaí cinneadh maidir le cibé acu an ndeonófar nó nach ndeonófar cosaint idirnáisiúnta dóibh, ag teacht lena riachtanais agus go léiríonn siad a leochaileacht ar leith.⁵⁶ Dá bhrí sin, is cosúil go nglactar leis go ginearálta go bhféadfaí dálaí maireachtála nach féidir a mheas mar dhálaí maireachtála 'gan dínit' do dhaoine fásta a mheas ar an gcaoi sin do leanaí mar ghrúpa.⁵⁷

88. I bhfianaise na mbreithnithe sin, is léir dom, i staideanna áirithe, go bhféadfar na gnáthdhálaí maireachtála a mheas fós – cé nach bhfuil siad meathlaithe go leor chun fíorbhaol díobhála tromchúisí a chruthú do bheagnach aon duine – mar dhálaí lena bhfágfadh *aon* leanbh neamhchosanta ar fhíorbhaol díobhála tromchúisí atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt, toisc gur grúpa fíorleochaileach d'iarrthóirí tearmainn iad leanaí.

89. I staideanna den sórt sin, táim den tuairim nach gá do dhaoine a bhaineann leis an ngrúpa fíorleochaileach sin (nó le haon ghrúpa fíorleochaileach eile) a léiriú go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála 'gan dínit' agus, dá bhrí sin, ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt dóibh, ar bhealach aonair, fad is gur féidir a shuí, ar an gcéad dul síos, go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála sin dian go leor chun a mheas go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála 'gan dínit' d'aon duine a bhaineann leis an ngrúpa sin agus, ar an dara dul síos, go gcáilítear an t-iarratasóir mar chuid den ghrúpa sin lena imthosca pearsanta ábhartha (mar shampla, aois, inscne nó riocht nó míchumas ar leith).

⁵² Féach, sa chiall sin, breithiúnas an 16 Feabhra 2017, *C. K. agus páirtithe eile* (C-578/16 PPU, EU:C:2017:127, mír 73).

⁵³ Féach, *inter alia*, ECtHR, 25 Aibreán 1978, *Tyler v an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:1978:0425JUD000585672, § 30).

⁵⁴ Féach ECtHR, 4 Samhain 2014, *Tarakhel v an Eilvéis* (CE:ECHR:2014:1104JUD00292171, § 99). Ina leith sin, mheabhraigh ECtHR go bhfuil riachtanais shonracha ag leanaí a bhaineann lena n-aois agus lena n-easpa neamhspleáchais go sonrach, ach lena stádas mar iarrthóir tearmainn freisin.

⁵⁵ Féach Airteagal 20(3) de Threoir 2011/95, lena bhforáiltear gur 'daoine fíorleochaileacha' iad leanaí (mar aon le daoine faoi mhíchumas, daoine aosta agus mná torracha, i measc daoine eile). Measann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin i staid amhail an staid sna príomhimeachtaí. Go deimhin, léirítear inti go bhfoirmítear cuid de Chaibidil VII de Threoir 2011/95 le hAirteagal 20(3). Baineann an chaibidil sin, dar teideal 'Inneachar cosanta idirnáisiúnta' (agus nach bhfuil Airteagal 12(1)(a) mar chuid de), leis na coimircí ar gá do Bhallstáit a chur i bhfeidhm tráth a dheonaítear stádas dídeanaí do dhuine, ní roimhe. Mar sin féin, i mo thuairimse, ní chiallaíonn sé sin nach féidir brath ar an bhforáil sin mar léiriú ar an bhfóras go n-aithnítear mionaoisigh go ginearálta mar ghrúpa iarrthóirí tearmainn atá fíorleochaileach.

⁵⁶ Féach, i ndáil leis sin, Airteagal 21 de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO 2013 L 180, lch. 96).

⁵⁷ Cuirim in iúl go luaitear in aithris 18 de Threoir 2011/95 gur 'cheart do Bhallstáit tús áite a thabhairt do "leas an linbh" agus [an Treoir sin] á cur chun feidhme acu' agus, 'agus measúnú á dhéanamh ar leas an linbh, gur cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt go háirithe ar phrionsabal aontacht an teaghlai, ar fholláine agus ar fhorbairt shóisialta an mhionaoisigh, ar chúrsaí sábháilteachta agus slándála agus ar thuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir lena aois nó lena haois agus lena aibíocht nó lena haibíocht'. Léirítear inneachar Airteagal 24(2) den Chairt san aithris sin, ar gá a urramú i *ngach* gníomh a bhaineann le linbh.

(c) *Staideanna inar gá don duine lena mbaineann a léiriú go mbaineann leochaileacht ar leith leis nó go ndéantar difear sonrach dó mar thoradh ar na gnáthdhálaí maireachtála mar gheall ar a chúinsí pearsanta*

90. Mar a chuir mé in iúl i bpointe 84 thuas, cuirtear in iúl go soiléir i gcásdlí na Cúirte go bhfuil staideanna áirithe ann freisin nach féidir a mheas go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála iontu ‘gan dínit’ agus, dá bhrí sin, ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt do bheagnach gach duine nó do ghrúpa amháin daoine atá fíorleochaileach nó níos mó. Mar sin féin, is féidir leis na staideanna sin ‘dálaí maireachtála gan dínit’ a chruthú fós do dhaoine áirithe nach mór a mheas mar dhaoine fíorleochaileacha mar gheall ar a gcúinsí pearsanta⁵⁸ nó a ndéantar difear sonrach dóibh leis na gnáthdhálaí céanna mar gheall ar thosca a bhaineann go sonrach lena gcúinsí pearsanta (mar shampla, go bhfuil a dteach suite ar shráid a ndírítear diúracáin uirthi go rialta). Go deimhin, mar a mhínigh an tAbhcóide Ginearálta Wathelet, ‘bheadh sé ar neamhréir go follasach le cineál iomlán [Airteagal 4 den Chairt] dá bhféadfadh na Ballstáit neamhaird a thabhairt ar fhíorbhaol cruthaithe íde atá mídhanna nó táireach a dhéanfadh difear d’iarrthóir tearmainn ar an leithscéal nach n-eascraíonn sí as locht sistéamach’.⁵⁹

91. Tá an réasúnaíocht sin curtha i bhfeidhm ag an gCúirt cheana féin i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95. Go deimhin, ina breithiúnas in *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)*, a bhain le duine a bhfuil tinneas an-tromchúiseach air, tháinig sí ar an gconclúid nach mór a mheas go bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA ‘scortha’ mura bhfuil an ghníomhaireacht sin in ann a áirithiú go bhfuil rochtain ag an duine sin ar an gcúram sláinte sonrach agus ar an gcóireáil leighis shonrach a mbeadh sé neamhchosanta ar fhíorbhaol báis nó ar fhíorbhaol go bhfulaingeoidh sé meath tromchúiseach, tapa agus do-aisiompaithe ar a staid sláinte nó laghdú suntasach ar a ionchas saoil dá n-uireasa.⁶⁰

92. I staideanna amhail an ceann as ar eascair breithiúnas *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)*, ní raibh na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim i gcuid de limistéar oibríochta UNRWA dian go leor iontu féin chun a shuí gurb ann do chóireáil atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt do gach duine nó fiú do ghrúpa daoine ar leith. Mar sin féin, bhí an t-iarratasóir in ann brath ar chúinsí pearsanta a bhain go sonrach leis féin lena ndearnadh duine fíorleochaileach de agus a rinne na gnáthdhálaí maireachtála dofhulaingthe agus ‘gan dínit’ (agus dá bhrí sin atá ar neamhréir leis an bhforáil sin) ar bhealach aonair.

2. [...] Ach an gá atá le measúnú aonair i ngach cás

93. Tá mé díreach tar éis a shonrú, sna ranna roimhe seo, go bhfuil trí chás fhéideartha ann inar féidir a mheas go bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA ‘scortha’ toisc nach bhfuil an ghníomhaireacht sin in ann dálaí maireachtála díniteacha a áirithiú do dhaoine gan stát de

⁵⁸ D’aithin an Chúirt, go bunúsach, gur féidir staid nach ionann í agus fíorbhochtaineacht ábhartha do chách a mheas, in ainneoin sin, mar chás den sórt sin fós maidir le hiarratasóir atá in ann a léiriú gurb ann d’imthosca eisceachtúla atá uathúil dó nó di a léiríonn go bhfuil leochaileacht ar leith ag baint leis nó léi (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Jawo*, C-163/17, EU:C:2019:218, mír 95). Féach, freisin, breithiúnas an 16 Feabhra 2017, *C. K. agus páirtithe eile* (C-578/16 PPU, EU:C:2017:127, mír 73), a bhain le hiarrthóir tearmainn a raibh riocht síciatrach an-tromchúiseach air, eadhon dúlagar iarbhreithe agus claontaí tréimhsiúla féinmharaithe. I ndáil leis sin, meabhraím freisin gur chinn ECtHR, i ndáil le hAirteagal 3 ECHR, cé acu an mbraitheann nó nach mbraitheann an drochíde a fulaingíodh nó a bhfuil an duine i mbaol fulaingthe ar an leibhéal déine is gá ‘ar imthosca uile an cháis, amhail fad na cóireála agus a héifeachtaí fisiciúla nó meabhreacha agus, i gcásanna áirithe, gnéas, aois agus staid sláinte an íospartaigh’ (féach ECtHR, 4 Samhain 2014, *Tarakhel v an Eilvéis* CE:ECHR:2014:1104JUD002921712, § 118).

⁵⁹ Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wathelet in *Jawo* (C-163/17, EU:C:2018:613, pointe 86)

⁶⁰ Féach breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2023, *SW (Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát)* (C-294/22, EU:C:2023:733, míreanna 46 agus 48 agus an chuid oibríochtúil).

thionscnamh na Palaistíne a bhain leas as a cosaint nó as a cúnamh, trína áirithiú, go bunúsach, go sásaítear a gcuid riachtanas bunúsach amhail, *inter alia*, bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe.

94. I mo thuairimse, athraítear an t-ualú faoi seach nach mór a thabhairt do na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim i limistéar oibríochta UNRWA nó i gcuid de, ar thaobh amháin, agus imthosca pearsanta na ndaoine lena mbaineann, ar an taobh eile, ag brath ar cén cás as an trí cinn acu a bhfuil feidhm aige. Sa chéad dá chás, ní gá a léiriú go bhfuil na dálaí maireachtála sin ‘gan dínit’ i leith an duine lena mbaineann ar bhealach aonair, as siocair go bhfuil na dálaí sin chomh dian sin gur féidir iad a mheas le bheith ‘gan dínit’ agus ar neamhréir, dá bhrí sin, le hAirteagal 4 den Chairt i leith gach aon duine ar an iomlán nó i leith grúpa fíorleochaileach ar ball den ghrúpa sin é an duine sin. Sa tríú cás, áfach, is gá cineál ‘gan dínit’ na ngnáthdhálaí maireachtála a léiriú ar bhealach aonair trí brath ar an leochaileacht ar leith nó ar chúinsí eile a bhaineann leis an duine lena mbaineann.

95. Ba mhian liom an ráiteas breise seo a leanas a dhéanamh. De bhrí go mbíonn na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim i gcuid den limistéar oibríochtaí UNRWA ábhartha i gcónaí chun a mheas an bhfuil cúnamh nó cosaint na gníomhaireachta sin ‘scortha’, de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, ní fhéadfaidh iad a chur san áireamh ach i gcomhthéacs *measúnú aonair*. Déanta na fírinne, leag an Chúirt béim cheana féin ar an gceanglas sin ina breithiúnas in *Abed El Karem El Kott agus páirtithe eile*.⁶¹ Go deimhin, chinn sí, agus scrúdú á dhéanamh aici an bhfuil duine, ar chúiseanna nach bhfuil smacht aige orthu agus atá neamhspleách ar a dheoin féin, in ann tairbhe a bhaint as cosaint nó cúnamh UNRWA a thuilleadh, nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla measúnú a dhéanamh ar na tosca ábhartha uile ar *bhonn aonair*.

96. I bhfianaise an chásdlí sin, aontaím leis an gCoimisiún mar sin nach mór eilimintí de chineál ginearálta, a bhaineann leis na gnáthdhálaí maireachtála sa limistéar ábhartha ina n-oibríonn UNRWA nó i gcuid de (anseo, Stráice Gaza), a chomhtháthú i measúnú aonair i gcónaí. Sa chéad chás fiú, ní thugtar stádas dídeanaí do chách go huathoibríoch. Mar a thug mé le fios cheana féin i bpointe 83 thuas, ní mór do na daoine lena mbaineann iarratas a dhéanamh ar an stádas sin fós, agus tá gá le hanailís a dhéanamh de réir an cháis chun a chinneadh nach amháin gur bhain siad leas as an gcosaint nó as an gcúnamh ó UNRWA sa limistéar lena mbaineann (nó i gcuid de), ach anuas air sin, gur féidir na gnáthdhálaí maireachtála sa limistéar geografach sin a mheas, tráth an mheasúnaithe sin, mar dhálaí ‘gan dínit’ i leith beagnach gach duine, ionas go mbeadh forais shuntasacha ann lena chreidiúint go mbeadh fíorbhaol díobhála ann don iarratasóir a bheadh ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt, de bharr é a bheith ann agus dá bharr sin amháin agus gan gá a léiriú go mbeadh sé neamhchosanta ar an díobháil sin go sonrach dá bhfillfeadh sé ann.

97. Tá sé tábhachtach béim a leagan ar an ngá atá le measúnú aonair den sórt sin. Murarbh ann don cheanglas sin, bheadh an córas a chuirtear i láthair le hAirteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 coibhéiseach, ar bhealach éigin, leis an gceann a tugadh isteach le Treoir 2001/55/CE,⁶² lena dtugtar cosaint shealadach (cineál éagsúil cosanta, atá difriúil ón gcosaint a thugtar le stádas dídeanaí nó le cosaint choimhdeach, agus nach bhfuil chomh fairsing sin léi) i gcás insreabhadh daoine easáitithe, gan aon cheanglas ar na daoine sin iarratais aonair a dhéanamh agus, dá bhrí sin, a bheith faoi réir measúnú aonair. Ceaptar an Treoir sin gan feidhm a bheith aici ach amháin i staideanna áirithe teoranta agus tar éis cinneadh foirmiúil ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh

⁶¹ Féach mír 64 den bhreithiúnas sin.

⁶² Treoir an 20 Iúil 2001 ón gComhairle maidir le caighdeáin fosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO 2001 L 212, lch. 12).

amháin (glacadh cinneadh den sórt sin, mar shampla, le déanaí maidir le daoine easáitithe a raibh orthu an Úcráin a fhágáil an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, mar thoradh ar ionradh míleata fhórsaí armtha na Rúise).⁶³ I mo thuairimse, ní féidir an sásra a chuirtear i bhfeidhm le hAirteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 a chur in ionad an tsásra a tionscnaíodh le Treoir 2001/55.

98. Ina theannta sin, meabhraím, mar a mhínigh mé cheana i bpointe 38 thuas, sula ndeonófar stádas dídeanaí agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 á chur i bhfeidhm acu, is gá do na húdaráis náisiúnta inniúla a fhíorú, i ngach cás, nach dtagann an duine lena mbaineann faoi raon feidhme aon fhoras eisiata ar bith a leagtar amach in Airteagal 12(1)(b), (2) agus (3) den Treoir sin.⁶⁴ Foráiltear leis na forálacha sin, go bunúsach, nach ndeonófar stádas dídeanaí do dhuine gan stát de thionscnamh na Palaistíne (fiú má bhain sé leas as cosaint nó cúnamh UNRWA) má tá cúiseanna tromchúiseacha ann lena mheas go ndearna sé coireanna áirithe nó gur ghríosaigh sé coireanna áirithe nó gur ghlac sé páirt iontu ar shlí eile (coireanna i gcoinne na síochána, coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna tromchúiseacha neamhpholaitiúla lasmuigh den tír dhídeine nó gníomhartha eile atá contrártha le prionsabail na Náisiún Aontaithe). D'áireofaí leis sin, i mo thuairimse, gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus aon chineál rannpháirtíochta i ngníomhartha den sórt sin nó gríosú chun iad a dhéanamh (amhail, agus an sampla is déanaí á ghlacadh, gníomhartha arna ndéanamh ag Hamas i gcoinne Iosrael).

99. Dá bhrí sin, mar a chinn an Chúirt cheana féin, ní eascraíonn ceart neamhchoinníollach chun stádas dídeanaí a fháil as an bhfóras go bhfuil daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne *ipso facto* i dteideal thairbhí Threoir 2011/95 de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) den ionstraim sin má scoirtear de chosaint nó cúnamh UNRWA.⁶⁵

C. An ceathrú ceist: an t-idirchaidreamh idir Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 agus na forálacha a bhaineann le cosaint choimhdeach

100. Mar a thuigim féin é, maidir leis an gceathrú ceist, a bhfuil a cuspóir agus a brí deacair a thuiscint ar an gcéad dul síos, caithfidh mé a admháil, baineann sí leis an idirchaidreamh idir Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 (lena n-osclaítear an fhéidearthacht, i gcoinníollacha áirithe, go mbeadh daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne *ipso facto* i dteideal stádas dídeanaí) agus leis na forálacha den ionstraim sin a bhaineann le ‘cosaint choimhdeach’ – atá, mar a dúirt mé cheana i bpointe 71 thuas, mar fhoirm éagsúil (agus nach bhfuil chomh leathan céanna)⁶⁶ de chosaint idirnáisiúnta ná an chosaint a thugtar trí stádas dídeanaí.

101. Go sonrach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an bhfuil feidhm ag prionsabal an non-refoulement, a chumhdaítear, *inter alia*, in Airteagal 19(2) den Chairt, i leith staid ina bhfuil duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne, cé nach bhfuil sé i dteideal stádas dídeanaí faoi Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, i dteideal cosaint choimhdeach agus Airteagal 15(b) de á chur i bhfeidhm. Bheadh teidlíocht an duine sin ar chosaint choimhdeach bunaithe ar an bhfóras, dá bhfillfeadh sé ar limistéar oibríochta UNRWA, go mbeadh sé i staid ‘fíorbhochtaineachta ábhartha’ atá cosúil leis an staid a thuairiscítear i bpointe 81 thuas.

⁶³ Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gur ann d’insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55, agus a bhfuil d’éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO 2022 L 71, lch. 1).

⁶⁴ Féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Alheto* (C-585/16, EU:C:2018:584, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁶⁵ Féach an breithiúnas in *Abed El Karem El Kott agus páirtithe eile*, mír 75.

⁶⁶ Mar shampla, is féidir leis an gcead cónaithe a bheith níos giorra (féach Airteagal 24 de Threoir 2011/95). Is féidir leis na Ballstáit rochtain ar leas sóisialach a theorannú freisin (féach Airteagal 29 den Treoir sin).

102. Ar an dara dul síos, iarrann an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais a shoiléiriú, agus scrúdú á dhéanamh aici ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann duine na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 chun stádas dídeanaí a fháil, an gá do na húdaráis náisiúnta inniúla ní hamháin prionsabal an non-refoulement ach freisin na heilimintí atá ábhartha chun a mheas an mbeadh siad i dteideal cosaint choimhdeach a chur san áireamh le, agus Airteagal 15(b) de á chur i bhfeidhm.

103. Mar a mhínigh mé i mo Thuairim in SW (*Stádas dídeanaí duine Phalaistínigh gan stát*),⁶⁷ ní bhaineann an réimeas uathúil a bhfuil daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne faoina réir faoi Threoir 2011/95 ach leis an bhféidearthacht stádas dídeanaí a dheonú dóibh, seachas le cosaint choimhdeach.⁶⁸ Dá bhrí sin, is féidir leis na daoine sin, díreach cosúil le hiarrthóirí tearmainn eile, iarratas a dhéanamh ar stádas cosanta coimhdí, de bhun Airteagal 18 den Treoir sin, agus níl siad eisiata ón stádas sin.

104. Sonraítear na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun go mbeadh duine incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i gCaibidil II agus i gCaibidil V de Threoir 2011/95. Go bunúsach, ní mór a thaispeáint go bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí roimh an duine lena mbaineann. Sainmhínítear ‘díobháil thromchúiseach’ faoi Airteagal 15 den Treoir sin agus is éard atá ann ‘pionós an bháis nó bású’ (Airteagal 15(a)), ‘céastóireacht nó íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach [...] sa tír thionscnaimh’ (Airteagal 15(b)) nó ‘bagairt thromchúiseach aonair ar shaol nó ar dhuine [an iarratasóra] mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i staideanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí’ (Airteagal 15(c)).

105. I bhfianaise na n-eilimintí sin, is léir dom go bhféadfadh sé go mbainfí amach an tairseach le haghaidh ‘díobháil thromchúiseach’ a liostaítear in Airteagal 15 de Threoir 2011/95 leis an leibhéal díobhála ar a bhfágfaí duine gan stát de thionscnamh na Palaistíne neamhchosanta dá bhfillfeadh sé ar an limistéar ábhartha ina n-oibríonn UNRWA, mar shampla toisc gurb ionann é agus ‘céastóireacht nó íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach’ (Airteagal 15(b)), agus, *ag an am céanna*, go bhféadfadh sé a bheith dian go leor chun go gcinntí go bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA ‘scortha’ ina leith, de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) den Treoir sin. Ceadaítear leis an dá réimeas (chun stádas ‘dídeanaí’ a fháil agus Airteagal 12(1)(a) á chur i bhfeidhm nó stádas ‘cosanta coimhdí’ a fháil agus Airteagal 15(b) á chur i bhfeidhm), go bunúsach, leibhéil díobhála chomhchosúla a chur san áireamh, is é sin le rá, ‘íde atá mídhaonna nó táireach’ atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt.

106. Ina theannta sin, i ndáil le hAirteagal 15(c) de Threoir 2011/95, shoiléirigh an Chúirt, ina breithiúnas in *Elgafaji*,⁶⁹ cé nach leor, mar riail, baol a bheith ann a bhaineann leis an staid ghinearálta i dtír chun a shuí gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le cosaint choimhdeach a fháil i leith duine sonrath, go bhfuil eisceachtaí áirithe ann. Go deimhin, i staideanna áirithe, d’fhéadfadh sé go mbeadh leibhéal chomh hard sin ag an bhforéigean neamh-idirdhealaitheach ar saintréith de choinbhleacht armtha é nach mbeadh ar dhaoine atá ag cur isteach ar chosaint idirnáisiúnta fianaise a thabhairt ar aird go ndírítear go sonrath orthu mar gheall ar thosca a bhaineann lena gcúinsí pearsanta. I ndáil leis sin, ghlac an Chúirt, go bunúsach, an loighic chéanna leis an loighic atá leagtha amach agam sa roinn roimhe seo. Dá mhéad is féidir leis an iarratasóir a thaispeáint go ndéanann tosca a bhaineann go sonrath lena imthosca pearsanta difear sonrath dó, is ea is ísle leibhéal an fhoréigin neamh-idirdhealaitheach is gá dó chun bheith incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach. Dá bharr sin, is féidir brath ar an dá réimeas (chun

⁶⁷ C-294/22, EU:C:2023:388, pointe 29.

⁶⁸ Féach an breithiúnas in *Abed El Kareem El Kott agus páirtithe eile*, mír 68.

⁶⁹ Féach breithiúnas an 17 Feabhra 2009 (C-465/07, EU:C:2009:94, míreanna 36, 37 agus 39).

stádas ‘dídeanaí’ a fháil agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, nó stádas ‘cosanta coimhdí’ agus Airteagal 15(c) de á chur i bhfeidhm) chun daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne a bhfuil foréigean neamh-idirdhealaitheach rompu a chosaint.

107. Mar sin féin, tá an dá stádas comheisiach, d’ainneoin na gcosúlachtaí sin. Ní hamháin nach féidir le duine tairbhe a bhaint as an dá stádas ag an am céanna, ní mór na stádais sin a bhronnadh go neamhspleách ar a chéile i gcónaí. Dá bhrí sin, chun a shuí an bhfuil duine *ipso facto* i dteideal stádas dídeanaí, agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 á chur i bhfeidhm, ní gá do na húdaráis náisiúnta inniúla scrúdú a dhéanamh ar an gcomhlíonann an duine lena mbaineann na coinníollacha chun go ndeonófar ‘cosaint choimhdeach’ dóibh.

108. Os a choinne sin, maidir le duine nach gcomhlíonann na coinníollacha chun gur féidir cosaint UNRWA a mheas le bheith ‘scortha’, de réir bhrí Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95, mar shampla toisc nach bhfuil baint ag an bhfíorbhaol íde atá mídhaonna nó táireach a bheadh air dá bhfillfeadh sé ar limistéar oibríochta UNRWA le misean na gníomhaireachta sin,⁷⁰ is féidir leis iarratas a dhéanamh fós ar stádas ‘cosanta coimhdí’ – agus é a fháil, má chomhlíontar na coinníollacha.

109. Thairis sin, dá gceanglófaí ar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach filleadh ar limistéar oibríochta UNRWA agus aghaidh a thabhairt ar ‘dhálaí maireachtála gan dínit’ nó ‘fíorbhochtaineacht ábhartha’, is léir go sárófaí leis sin prionsabal an non-refoulement a chumhdaítear in Airteagal 19(2) den Chairt. Meabhraím nach bhfuil cur i bhfeidhm an phrionsabail sin teoranta do dhaoine atá i dteideal stádas dídeanaí.⁷¹ Dá bhrí sin, tá feidhm ag prionsabal an non-refoulement – agus ní mór é a chomhlíonadh – beag beann ar an stádas sonrath (stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí) a bhféadfadh an duine lena mbaineann cáiliú ina leith.

V. Conclúid

110. I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ó Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia, an Bhulgáir) mar a leanas:

(1) Maidir le hAirteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 40(3) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a aistarraingt,

⁷⁰ Mar a mhínigh mé i bpointe 62 thuas, is é an dara ceanglas chun go mbeadh feidhm ag an gclásal cuimsithe in Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 gur gá dó a bheith dodhéanta do UNRWA a ráthú go bhfuil dálaí maireachtála an duine lena mbaineann ina limistéar oibríochta ag teacht leis an misean a chuirtear faoina chúram. Is é misean UNRWA dálaí maireachtála ‘díniteacha’ a áirithiú trí riachtanais bhunúsacha na ndaoine a chuirtear faoina chosaint a chomhlíonadh. Chun sampla simplí a thabhairt, más rud é gur thug an duine lena mbaineann aghaidh ar phionós an bháis mar thoradh ar choir a dhéanamh mar gheall ar na dlíthe atá i réim i réimse oibríochta UNRWA, ní bheadh baint ag an díobháil sin le misean UNRWA, ach mar sin féin d’fhéadfadh sé go mbeadh an duine lena mbaineann i dteideal ‘cosaint choimhdeach’ a fháil faoi Airteagal 15(a) den Treoir sin.

⁷¹ Ós rud é go gceanglaítear leis ‘nach ndéanfaí *aon duine* a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go gcuirfí pionós an bháis, céasadh nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach air nó uirthi’ (mo bhéim féin).

ní mór é a léiriú sa chaoi go gciallaíonn nach saortar leis an bhfioras go ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla anailís cheana ar eilimintí áirithe a d'agair daoine gan stát de thionscnamh na Palaistíne atá ag iarraidh stádas dídeanaí a fháil agus Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95 á chur i bhfeidhm le linn an nós imeachta a bhaineann le hiarratais roimhe ón duine lena mbaineann, bunaithe ar fhorálacha eile na Treorach sin, na húdaráis sin ón oibleagáid chun scrúdú a dhéanamh orthu arís nuair atá siad ag fíorú an bhfuil an chosaint nó an cúnamh 'scortha' de réir bhrí na forála sin.

(2) Maidir le hAirteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95

ní mór é a léiriú sa chaoi go gciallaíonn nach féidir é a chur as an áireamh go bhféadfadh easnaimh shistéamacha de dhéine den sórt sin a bheith ann i limistéar oibríochta UNRWA nó i gcuid de go bhfuil baol substaintiúil ann go mbeadh aon duine a sheoltar ar ais chuig an áit sin i staid fíorbhochtaineachta ábhartha a bhfágfadh nach mbeadh sé in ann a riachtanais is bunúsaí a shásamh, amhail, *inter alia*, bia, sláinteachas pearsanta agus áit chónaithe, agus go ndéanfadh dochar dá shláinte nó dá sláinte fhisiciúil nó mheabhrach nó go gcuirfeadh é i riocht meatha atá ar neamhréir le dínit an duine agus, dá bhrí sin, le hAirteagal 4 den Chairt. I staid den sórt sin, chun a shuí go bhfuil cosaint nó cúnamh UNRWA 'scortha', de réir bhrí na forála sin, ní gá don duine lena mbaineann a léiriú go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála atá i réim sa limistéar sin nó i gcuid de, dá bhrí sin, gan dínit dó ar bhealach aonair, toisc gur féidir a mheas go bhfuil na gnáthdhálaí maireachtála 'gan dínit' i leith beagnach gach duine. Mar sin féin, níl an ceart chun stádas dídeanaí a fháil gan choinníoll i staideanna den sórt sin fiú. Ní mór don duine lena mbaineann iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta. Ina theannta sin, tá measúnú aonair ag teastáil fós chun a fhíorú, *inter alia*, nach bhfuil feidhm ag aon eisiámh ar bith a leagtar amach in Airteagal 12(1)(b), (2) agus (3) den Treoir sin. I dtaobh an bhfuil an duine sin i dteideal 'cosaint choimhdeach', de réir bhrí Airteagal 2(g) den Treoir sin, ní bhaineann sé sin le hábhar sa mheasúnú sin.